# POP

## TREOIR MAIDIR LE PLEANÁIL LE HAGHAIDH TAIBHIÚ LASMUIGH

Creat maidir le hImeachtaí agus Spásanna Lasmuigh a Bhainistiú



# CLÁR NA


| | |
|---|---|
| 1. Réamhrá agus comhthéacs | 4 |
| 2. Cé dó a bhfuil an treoir seo agus cad a chlúdaíonn sí? | 8 |
| 3. Cén fáth lasmuigh? Fís a fhorbairt do d'imeacht ealaíon lasmuigh. | 10 |
| 4. D'imeacht ealaíon lasmuigh a phleanáil - cá háit ar cheart duit tosú? | 16 |
| 5. Lóistíocht d'imeachta ealaíon lasmuigh — cad is gá duit a dhéanamh? | 20 |
| 6. Maoiniú agus d'imeacht ealaíon lasmuigh a mhaoiniú | 26 |
| 7. Ag obair le healaíontóirí agus le comhpháirtithe ealaíon | 36 |
| 8. Luchtanna freastail a fhorbairt le haghaidh imeachtaí ealaíon lasmuigh | 42 |
| 9. Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú | 46 |
| 10. D'imeacht a bheith inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don timpeallacht | 48 |
| 10. Meastóireacht agus Tuairisciú | 54 |
| Gluais téarmaí | 56 |
| Aguisín | 60 |
| Acmhainní Faisnéise | 74 |
| Nótaí Buíochais | 76 |


Taibheoir Jenny Tufts do Lá Domhanda an tSorcais 24, Páirc Somer, an Caisleán Riabhach (grianghraf le Brian Farrell)

# 1.
# RÉAMHRÁ AGUS COMHTHÉACS

*"Baineann an sprioc chun an tionscadal foriomlán seo a chur chun cinn le fothú acmhainneachta — tríd an bhfaisnéis agus na huirlisí is gá a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, d'eagraithe na n-ealaíon agus na bhféilte, táimid ag cur ar a gcumas níos mó imeachtaí a óstáil i spásanna lasmuigh agus poiblí, bíodh sin cearnóga baile, spásanna margaidh, páirceanna, sráideanna nó spásanna glasa. Cuirfidh sé sin le taitneamh an phobail as na healaíona agus cuirfidh sé le scileanna na bpáirtithe leasmhara chun iad a dhéanamh níos muiníní maidir le himeachtaí den sórt sin a óstáil.'*

***Rhona Mc Grath, Oifigeach Ealaíon, Comhairle Contae Ros Comáin*** (príomh-chomhpháirtí)

**Tá an treoir seo mar thoradh ar an tionscnamh comhpháirtíochta Pleanáil do Thaibhiú Lasmuigh (POP) le 5 Oifig Ealaíon Údaráis Áitiúil (Ros Comáin – príomh-chomhpháirtí, Cathair Chorcaí, Ciarraí, Laois agus Tiobraid Árann) agus Eagraíochtaí Acmhainní Náisiúnta: Líonra na hÉireann um Ealaíona Sráide, Sorcas & Mórthaibhsithe (ISACS), Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin (ar a dtugtaí Fóram na hAmharclannaíochta roimhe seo), Éigse Éireann agus an Líonra Ceoil. Bhí an tionscnamh seo ar siúl ó Fhómhar 2023 go dtí Fómhar 2024. Bhí sé á mhaoiniú ag an scéim Cuireadh chun Comhoibrithe ag an gComhairle Ealaíon, le tacaíocht bhreise ó Údaráis Áitiúla. Chuir Promenade seirbhísí bainistíochta forbartha ar fáil.**

Tá sé mar aidhm ag POP tacú le níos mó grúpaí a bheith muiníneach as ealaín a chruthú i spásanna poiblí tríd an bhfaisnéis agus na huirlisí riachtanacha a sholáthar. Thug sé na hÚdaráis Áitiúla thuasluaite le chéile trí chlár oiliúna agus sraith imeachtaí píolótacha ealaíon lasmuigh a chur ar fáil i spásanna poiblí nua. Is í an chéim dheiridh den tionscnamh seo an treoir seo.

Lidija Šola agus Noelle O'Regan le haghaidh Drawing a Crowd, Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann (grianghraf le Caitriona Kenny)



Chlúdaigh sraith seimineár oiliúna ocht gcuid ar líne gach rud ó stair na n-ealaíon lasmuigh, go dtí d'fhís ealaíne agus do chomhpháirtíochtaí a fhorbairt, na praiticiúlachtaí agus an lóistíocht a bhaineann le himeachtaí ealaíon lasmuigh a reáchtáil, agus teagmháil a dhéanamh le cineálacha éagsúla lucht freastail, chomh maith le d'imeacht a dhéanamh níos oiriúnaí d'ealaíontóirí, don lucht freastal agus níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol. D'eagraigh ár gcomhpháirtí bainistíochta tionscadail Promenade iad sin i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna 2023 le raon saineolaithe ó shaol na n-imeachtaí ealaíon lasmuigh. Cliceáil anseo chun breathnú ar na taifeadtaí.

Bhí sé mar aidhm ag Sraith Imeachtaí POP an tionscnamh a chur chun cinn tuilleadh agus a thaispeáint cad is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn grúpaí le chéile go háitiúil. Bhí na himeachtaí go léir bunaithe ar na healaíona agus saor in aisce don phobal a bheith i láthair. Reáchtáladh imeacht amháin i ngach spás poiblí de chuid na nÚdarás Áitiúil (cúig imeacht san iomlán), ag nascadh le téamaí sonracha agus ag obair le comhpháirtithe agus ealaíontóirí áitiúla:

**'Bríd Faoin Spéir', ag ceiliúradh Lá Fhéile Bríde an 1 Feabhra 2024 ag Cearnóg an Mhargaidh, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise**

**'Illuminate', ag ceiliúradh Lá Feasachta Meabhairshláinte na hÓige an 2 Márta 2024 ar Oileán na nGéanna, Trá Lí, Co. Chiarraí***

**'Lá Domhanda an tSorcais' ag ceiliúradh gach rud a bhaineann le sorcais an 20 Aibreán 2024 i bPáirc Somer, an Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin***

**Imeacht litríochta 'Féile Domhanda Leabhar Chorcaí' an 28 Aibreán 2024 ag Dún Eilíse, Cathair Chorcaí***

**'Drawing a Crowd' ag ceiliúradh Lá Náisiúnta Tarraingthe agus Bealtaine araon an 18 Bealtaine 2024 ag Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann i gcomhpháirtíocht le hÁiteanna Ildánacha Thiobraid Árann**

*Cuireadh feabhas ar roinnt spásanna poiblí trí Scéim an Rialtais um Spás Poiblí Lasmuigh 2021. Thug an scéim seo deis d'Údaráis Áitiúla spásanna poiblí a oiriúnú, a threalmhú nó a fheabhsú ar shlí eile le haghaidh imeachtaí agus gníomhaiochtaí cultúrtha.





Brendan Fahy le haghaidh Drawing a Crowd, Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann (grianghraf le Caitriona Kenny)

# 2. CÉ DÓ A BHFUIL AN TREOIR SEO AGUS CAD A CHLÚDAÍONN SÍ?

**Tá an treoir seo deartha chun cabhrú go háirithe le daoine atá nua maidir le himeachtaí ealaíon lasmuigh a reáchtáil nó atá ag iarraidh a gcuid imeachtaí nó spásanna lasmuigh a dhéanamh níos éifeachtaí. Cuirfidh sé treoir céim ar chéim ar fáil chun d'imeacht féin a léiriú i do chathair, i do bhaile nó i do shráidbhaile. D'fhéadfá a bheith i d'ealaíontóir aonair, i ngrúpa ealaíontóirí, i do léiritheoir, i ngrúpa pobail, i bhféile dheonach nó i ngrúpa gnólachtaí áitiúla ar mian leo imeacht a chruthú.**

Cuirfidh an méid seo a leanas treochlár ar fáil maidir le conas é a bhaint amach.

- Déan cinneadh maidir le cad ba mhaith leat a dhéanamh; Cad í an fhís atá agat d'imeacht ealaíne lasmuigh?
- Cuir tús leis an bpleanáil; lean ár seicliosta imeachta
- Lóistíocht; cad a bhfuil tú freagrach as mar eagraí imeachta?
- Airgeadas agus maoiniú; Cad iad na príomhrudaí a theastaíonn uait a mhaoiniú agus conas a mhaoineoidh tú iad?
- Conas a aimseoidh tú ealaíontóirí agus comhpháirtithe ealaíon agus pobail eile le haghaidh d'imeachta agus conas a oibreoidh tú leo?
- Cad is gá duit a dhéanamh chun lucht freastail a mhealladh le haghaidh d'imeachta?
- Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú; Conas is féidir leat teacht ar lucht freastail níos éagsúla?
- D'imeacht a bheith inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don timpeallacht
- I ndiaidh an Imeachta; Ceachtanna a foghlaimíodh lena n-áirítear tuairisciú agus meastóireacht




Polina Shapkina agus Sadbh Grehan le haghaidh Bríd Faoin Spéir, MClós an Mhargaidh, Cúil an tSúdaire (grianghraf le Frank Smith)

# 3. CÉN FÁTH LASMUIGH? FÍS A FHORBAIRT DO D'IMEACHT EALAÍON LASMUIGH.

**Is féidir go leor cineálacha imeachtaí ealaíon lasmuigh a bheith ann agus is féidir foirmeacha ealaíne éagsúla a bheith ag baint leo. Is féidir le cuid acu a bheith i bhfoirm féilte, b'fhéidir i láithreáin úrnua nó spásanna uirbeacha amhail cearnóga margaidh nó páirceanna. Is féidir seánraí a oireann go háirithe don taobh amuigh amhail bannaí agus ceolchoirmeacha a bheith ag baint leo, agus de ghnáth cruthaítear amharclannaíocht sráide, seónna nó saothair ealaíonta eile sa spás poiblí (amhail na hamharcealaíona, an ailtireacht, an damhsa agus an ealaín dhigiteach) go sonrach don taobh amuigh. Tá traidisiún fada d'ealaíona lasmuigh in Éirinn agus ar fud an domhain. Tugann an cur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP le Lucy Medlycott de ISACS forbhreathnú ar stair agus ar thraidisiún na n-ealaíon lasmuigh.**

Tá go leor buntáistí ag baint le himeachtaí ealaíon lasmuigh. Áirítear leis sin foirmeacha ealaíne ar leith a fhorbairt, ag nochtadh daoine d'fhoirmeacha ealaíne ar leith amhail na healaíona sráide, seónna agus ealaín phoiblí; lucht freastail a fhorbairt do na healaíona; agus chun atmaisféir uathúla agus cheiliúrtha a chruthú. Tá acmhainneacht shuntasach acu freisin chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla agus le comhpháirtithe eile aghaidh a thabhairt ar a spriocanna straitéiseacha i réimsí na turasóireachta, na comhfhorbartha áite agus áit níos fearr le cónaí agus le hobair inti a dhéanamh de cheantar.

Is obair chrua é imeacht ealaíon lasmuigh ar scála mór a léiriú agus ní gan dúshláin é. Dá bhrí sin, beidh sé cabhrach duit fís shoiléir agus spreagadh a bheith agat nuair is crua don chailleach! Léireoidh an cur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP le Mike Leahy ó Spraoi agus Avril Stanley ó Body & Soul conas a d'fhorbair siad físeanna dá bhféilte.

---

**Cuideoidh an chuid seo a leanas leat an fhís agus an gá atá le d'imeacht a oibriú amach.**

## 3.1
## Foirm Ealaíne a Fhorbairt

Oireann imeachtaí ealaíon lasmuigh níos fearr do roinnt foirmeacha ealaíne ná a chéile, cé go mbraitheann sé ar chineál an chur i láthair agus ar an gcineál spáis a úsáidtear.

Mar shampla, oibríonn seónna beaga níos fearr i spásanna níos lú (lasmuigh nó i bpubaill); is gnách go n-oibríonn an focal labhartha teoranta níos fearr don amharclannaíocht lasmuigh toisc gur féidir le torann seachtrach é a dhéanamh níos deacra do lucht éisteachta a chloisteáil; is féidir le híomhánna níos mó amhail puipéid ollmhóra agus suiteálacha oibriú go han-mhaith chun tionchar amhairc a chruthú ag achar agus airde le go bhfeicfidh níos mó daoine iad.

**Is féidir le ceol** d'aon seánra oibriú go maith lasmuigh lena n-áirítear fuaim neamh-aimplithe amhail drumadóireacht (m.sh. banna samba) agus bannaí iomlána a mbaineann stíl cheiliúrtha leo (m.sh. ensembles móra práis nó ceol domhanda).

**Is féidir a áireamh le sorcas** gníomhartha talamhbhunaithe amhail an acrobataic agus an lámhchleasaíocht chomh maith le gníomhartha aerbheirthe amhail síoda ón aer, fonsa nó gaiste a dteastaíonn rigeáil nó rigí neamhspleácha lena n-aghaidh.

**Is féidir le mórthaibhsiú** a bheith i bhfoirm léirithe in situ (m.sh. i gcearnóg bhaile nó i bpáirc), amharclann a bhaineann go sonrach le suíomh (m.sh. suíomh amhail tailte caisleáin, sean-mhonarcha nó coillte), paráidí agus carnabhail.

**Is féidir le hamharclannaíocht sráide** a bheith comhdhéanta de thaispeántais chiorcail (go fáinneach), amharclannaíocht phromanáide (cineál gluaiste), seónna beaga i bpubaill, siúlóidí (aonair nó grúpaí beaga taibheoirí) ag gluaiseacht idir sluaite.

**Is féidir le haontaí/margaí ealaíne, ealaín phoiblí amhail dealbhóireacht, suiteálacha sealadacha, múrmhaisiú, seisiúin ghraifítí, mapáil teilgean nó ealaín solais a bheith san áireamh san amharc-ealaín/san ealaín phoiblí.**

**Tá go leor seánraí éagsúla sa damhsa** amhail bailé, comhaimseartha, sráide/hip hap, snagdamhsa, damhsa tíre, damhsa Gaelach, Laidineach, bálseomra agus damhsa sóisialta. Tá go leor díobh seo an-oiriúnach d'imeachtaí lasmuigh, go háirithe chun gné ar leith a chur leo ar féidir le lucht féachana páirt a ghlacadh ann.

Tabhair faoi deara go bhfuil a riachtanais speisialtóra féin ag gach foirm ealaíne maidir le formáid cur i láthair, urlárlach, riachtanais spáis, riachtanais theicniúla agus trealaimh. Teastaíonn comhráite mionsonraithe agus faisnéis mhionsonraithe leis an ngrúpa ealaíon/le healaíontóirí chun a fháil amach an bhfuil siad oiriúnach do d'imeacht (ó thaobh acmhainní agus buiséid de araon).

Chomh maith leis sin tá suíomh na n-imeachtaí tábhachtach, spásanna atá ar fáil ar bhealach éigin, m.sh. le ballaí, pubaill srl. oibríonn siad níos fearr do thaibhithe ceoil agus amharclannaíochta. Smaoinigh freisin go bhféadfaí fuaim a bheith ann ó ghníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear torann laethúil/teagmhasach, e.g. bailiúcháin araidí etc.



## 3.2
## Mórtas cathartha: smaoinigh ar réimse fócais a bhainfeadh tairbhe as taispeántas nó as feabhsú breise?

- Is deis iontach iad imeachtaí ealaíon lasmuigh chun áit, foirgneamh nó ~~foirgnimh~~ nó limistéar nó ~~limistéir~~ a bhfuil spéis ag an bpobal iontu a thaispeáint, e.g. tionscadail ealaíne sa réimse poiblí amhail múrmhaisiú, ealaíona sráide agus seónna nó féilte solais
- D'fhéadfadh duine a bheith ina ábhar spéise, e.g. pearsa stairiúil nó imeacht speisialta comórtha a mheasann tú a bheith tábhachtach a cheiliúradh
- Cuireann solúbthacht maidir le suíomh, ríomhchlárú, am an lae ar chumas eagraithe imeachtaí rud éigin saincheaptha a chruthú dá gceantar féin
- Is féidir le suíomh ar leith eispéireas ar leith a chruthú do lucht freastail, e.g. gníomhaíochtaí ó thaithí sa choill
- Ar deireadh, féach ar imeachtaí eile san fhéilire go náisiúnta agus go háirithe i do réigiún chun imeachtaí sa dialann atá ag teacht salach ar a chéile a sheachaint nó mar mhalairt air sin smaoinigh ar iarracht a dhéanamh dul i gcomhpháirtíocht le féilte eile chun ealaíontóirí camchuairte a óstáil

## 3.3
## Luchtanna féachana/éisteachta a fhorbairt: cad iad na luchtanna féachana/éisteachta nach ndéantar freastal ceart orthu nó nach ndéantar freastal ceart orthu go háitiúil?

- Tá sé de chumas ag infheictheacht imeachtaí ealaíon lasmuigh (go háirithe ar scála mór) níos mó daoine sa phobal a tharraingt agus cuairteoirí agus turasóirí as an mbaile a spreagadh
- Is féidir leo baill den lucht féachana/éisteachta a mhealladh ó dhéimeagrafaic níos leithne nach bhfreastalódh go traidisiúnta ar imeachtaí ealaíon laistigh, go háirithe ós rud é gur minic a bhíonn imeachtaí ealaíon lasmuigh saor in aisce agus nach mbíonn daoine teoranta chun fanacht i spás
- Is féidir le himeachtaí lasmuigh atmaisféar níos suaimhní agus níos neamhfhoirmiúla a bheith acu ná imeachtaí laistigh agus mar sin is féidir leo a bheith tarraingteach do theaghlaigh
- D'fhéadfadh siad a bheith ina n-imeachtaí atá inrochtana go hiomlán do dhaoine faoi mhíchumas fisiciúil, e.g. suíomhanna uirbeacha agus páirceanna ina bhfuil rampaí/pábháil réidh

## 3.4
## Níos mó comhtháthaithe pobail a chruthú: cén chaoi a bhféadfadh d'imeacht lasmuigh comhpháirtíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a thógáil?

- Trí do thaighde a dhéanamh ar dtús, cuideofar le cás a dhéanamh chun comhpháirtithe a mhealladh agus féachaint cén fáth a bhféadfadh d'imeacht a bheith ag teacht lena spriocanna straitéiseacha, e.g. úsáid a bhaint as acmhainní amhail straitéisí ealaíon na nÚdarás Áitiúil, pleananna Forbartha Ceantair Áitiúil agus beartais na Comhairle Ealaíon
- Cuireann imeachtaí ealaíon lasmuigh acmhainneacht láidir ar fáil freisin le haghaidh comhpháirtíochta le gnólachtaí agus trádálaithe áitiúla, e.g. lena n-áirítear margaí ceardaíochta nó bia mar chuid de thairiscint chultúrtha





Night Creatives ag an Oíche Chultúir, an Sráidbhaile (grianghraf le Michael Scully

# 4. D'IMEACHT EALAÍON LASMUIGH A PHLEANÁIL - CÁ HÁIT AR CHEART DUIT TOSÚ?

An í seo an chéad uair duit imeachtaí ealaíon lasmuigh a reáchtáil? Tosaigh le himeacht beag agus íseal-riosca.

- **Díriú ar chaidrimh agus comhpháirtíochtaí áitiúla a thógáil ar dtús**
- **Cuidíonn sé le cuntas teiste a chruthú**
- **Cuidíonn sé le do mhuinín a chothú**
- **Seachain cloíteacht agus a bheith ag iarraidh an iomarca a dhéanamh go ró-tapa**

D'imeacht ealaíne/féile/tionscadal lasmuigh a phíolótú.

- **Cuireann sé ar do chumas imeacht nua a thástáil agus a fheiceáil an bhfuil an suíomh roghnaithe oiriúnach don fheidhm**
- **D'fhéadfadh sé a chur ar do chumas tionscadal ealaíne lasmuigh níos uaillmhianaí a bhriseadh síos i sraith céimeanna chun ceannach isteach comhpháirtithe agus maoinitheoirí a fháil le himeacht ama**
- **Cuireann sé ar do chumas é a mheas i gceart chun a rath a thomhas**
- **Ansin is féidir leat meastóireacht/aiseolas a úsáid ó lucht féachana nó éisteachta/ rannpháirtithe chun maoiniú breise a fháil a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh athimeacht/tionscadal níos fadtéarmaí**
- **Cuidíonn sé le tús a chur le caidrimh áitiúla a thógáil agus a aithint cé leis a bhféadfá oibriú arís**

## 4.1 Seicliosta Imeachta

Agus imeacht lasmuigh á phleanáil agat, lean na céimeanna furasta seo a leanas...

- **Déan cinneadh maidir le cad ba mhaith leat a dhéanamh**
- **Déan cinneadh maidir le cén áit inar mhaith leat é a dhéanamh**
- **Lorg cead tosaigh ó úinéir na réadmhaoine nó ón Údarás Áitiúil; An mbeidh an spás oiriúnach do do chuid riachtanas go léir? Seiceáil an rochtain agus an bonneagar a d'fhéadfadh a bheith ar fáil duit**
- **An féidir leat íoc as? Fiosraigh deiseanna maoinithe/deiseanna tiomsaithe airgid**
- **Tabhair an fhoireann le chéile**
- **Ullmhaigh Plean Tionscadail, Margaíochta agus Léiriúcháin**
- **Tosaigh ag pleanáil agus ag eagrú**
- **Seiceáil nach bhfuil tú ag teacht salach ar imeachtaí áitiúla eile**

Lorgaíonn Údaráis Áitiúla sonraí maidir le himeacht lasmuigh a bhainistiú, seo a leanas seicliosta de na céimeanna atá le glacadh agus d'imeacht á phleanáil.

**Féach Aguisín 1.ii le haghaidh an tseicliosta imeachta ghinearálta Féach freisin ar an gcur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP ó bhall d'fhoireann Promenade Rose-Anne Kidney ag tabhairt réamhrá ar lóistiocht imeachtaí ealaíon lasmuigh.**





# 4.2 Ceisteanna Inrochtaineachta agus Rochtana

## Cad is brí le rochtain?

Ciallaíonn rochtain gur féidir leis an lucht freastail is leithne agus is féidir agus le healaíontóirí/oibrithe ealaíon páirt a ghlacadh i d'imeacht ealaíon lasmuigh trí líon na mbacainní a laghdú/a theorannú. Moltar go láidir go smaoineofá ar rochtain mar chuid de do sheicliosta sna luathchéimeanna chun d'imeacht a phleanáil i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- **Suíomh an láithreáin, an cineál láithreáin agus urláir talún**
- **An bhfuil sé gar d'iompar poiblí? An bhfuil na leibhéil talún cothrom gan aon chéimeanna?**
- **Riachtanais na n-ealaíontóirí pléigh na riachtanais rochtana bhreise a d'fhéadfadh a bheith acu go luath**
- **Tacaíocht aistriúcháin, comharthóir ateangaireachta, spásanna rochtana do chathaoireacha rothaí**
- **Riachtanais lucht féachana/éisteachta — smaoinigh ar cé atá i do cheantar áitiúil a d'fhéadfadh a bheith ag iarraidh freastal air**
- **Spás do bhugaithe le haghaidh imeacht atá oiriúnach do theaghlaigh, ábhar poiblíochta i dteangacha éagsúla, limistéir féachana ainmnithe do dhaoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu lena n-áirítear suíocháin, oiliúint rochtana a chur ar fáil do mhaoir ionas go mbeidh siad muiníneach fáilte a chur roimh chodanna éagsúla den phobal**
- **Buiséad - an buiséad a dháileadh bunaithe ar do mheasúnú ar a bhfuil thuas**

Cuireann Ealaíona & Míchumas Éireann seirbhísí rochtana ar na healaíona ar fáil do lucht féachana/éisteachta faoi mhíchumas. Oibríonn siad le hionaid agus le féilte chun rochtain do lucht féachana/éisteachta faoi mhíchumas a chur chun cinn. Féach anseo le haghaidh tuilleadh sonraí.



Boola Boom ag Sráideanna Oscailte, Sráid an Chapaill Bhuí, Cathair Chorcaí
(grianghraf le Darragh Keane)

# 5.

# LÓISTÍOCHT D'IMEACHT EALAÍON LASMUIGH - CAD IS GÁ DUIT A DHÉANAMH?

**I gcás imeachtaí lena bhfuiltear ag súil le lucht~~anna~~ féachana/éisteachta de níos mó ná 5000 duine beidh ort ceadúnas imeachta a fháil a théann tríd an rannóg phleanála i bhformhór na nÚdarás Áitiúil agus óna dteastaíonn rannpháirtíocht shuntasach leis na comhlachtaí reachtúla.**

**I gcás imeachtaí ar scála níos lú, tá difríocht idir na hÚdaráis Áitiúla go léir (iarratais ar cheadúnais spáis phoiblí nó plean bainistíochta imeachtaí (EMP) a chur faoi bhráid an innealtóra ceantair áitiúil. Féach an tAguisín le haghaidh sheicliostaí pleanála imeachta na gcúig chomhpháirtí POP de chuid na nÚdarás Áitiúil.**

## 5.1
## Plean Bainistíochta Imeachta

Mar eagarthóir imeachta tá tú freagrach as na nithe seo a leanas:

- **Sábháilteacht ag an imeacht (lena n-áirítear an pobal i gcoitinne, soláthraithe agus baill foirne)**
- **Idirghabháil a dhéanamh leis na príomhpháirtithe leasmhara agus leis an Údarás Áitiúil**
- **Measúnú Riosca a dhéanamh don imeacht**
- **Bainisteoir Imeachtaí agus Oifigeach Sábháilteachta a aithint don imeacht (d'imeachtaí beaga d'fhéadfadh an duine céanna a bheith i gceist)**
- **Tacaíocht Leighis/Garchabhair a chur in áirithe (Ord Mhálta/an Chros Dhearg/ Otharsheirbhís Naomh Eoin/an Chosaint Shibhialta)**
- **Plean maoirseachta: a aithint cé acu atá gá agat le slándáil ghairmiúil ag an imeacht nó nach bhfuil, seachas sin baill foirne le maoir dheonacha inniúla**
- **Plean Cumarsáide a chur le chéile**
- **Plean Comhshaoil a chur le chéile: bainistiú dramhaíola, leibhéil torainn agus fadhbanna comhshaoil eile le háireamh ann**
- **Má theastaíonn dúnadh bóthair caithfear plean bainistíochta tráchta a áireamh chomh maith le hiarratas oifigiúil dúnta bóthair tríd an Údarás Áitiúil agus na Gardaí.**
- **Ba cheart plean rochtana agus imeachta a áireamh le haghaidh imeachtaí dúnta lasmuigh**
- **Faigh clúdach árachais le haghaidh d'imeachta agus cinntigh go bhfuil árachas cuí ag ealaíontóirí agus ag soláthraithe eile**
- **Áirítear leis sin a chinntiú go bhfuil trádálaithe bia árachaithe go hiomlán agus go gcomhlíonann siad rialacháin FSAI maidir le sábháilteacht bia, sláinteachas agus leictreachas/gás**

Féach ar an gcur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP ó bhall foirne Promenade Rose-Anne Kidney ina leagtar amach róil agus freagrachtaí foirne go hiomlán anseo.

**Féach Aguisín 1.ii le haghaidh teimpléad samplach Modheolaíochta agus Measúnaithe Riosca.**



Firestorm ag taibhiú ag Oíche Chultúir ‘22 ag Oileán na nGéanna, Trá Lí
(sonraí an ghrianghrafadóra, Dominic Walsh)

## 5.2
## Measúnú Riosca

Is é cuspóir an mheasúnaithe riosca a aithint cad iad na guaiseacha atá ann ag an Imeacht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine agus a mheas an bhfuil na réamhchúraimí reatha leordhóthanach nó an bhfuil níos mó le glacadh. Tugtar rátáil riosca do ghuaiseacha bunaithe ar dhóchúlacht na guaise díobhála agus ar dhéine na díobhála mar chuid den doiciméad measúnaithe riosca agus cuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú.

Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de ghuaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ina riosca ag imeachtaí lasmuigh:

| GUAIS | BEART RIALAITHE |
| --- | --- |
| Teagmhas Éigeandála | |
| Intitim Struchtúrach | |
| Gluaiseacht Slua | |
| Brú Slua | |
| Sábháilteacht Dóiteáin | |
| Drochaimsir | |
| Soláthar Cumhachta | |
| Soilsiú | |
| Soláthar Leictreachais | |
| Cáblaí | |
| Sleamhnuithe, Tuislí, Titimí | |
| Torann | |
| Limistéir Neamhúdaraithe | |
| Páirceáil | |
| Alcól | |
| Mí-iompar | |
| Láimhsiú Sábháilte | |
| Garchabhair | |
| Teagmhas a Thuairisciú | |
| Trádálaithe Bia | |
| Ábhair Ghuaiseacha | |



## 5.3
## Treoir Céim ar Chéim maidir le himeacht lasmuigh a léiriú i Spás Poiblí

1. **Sainaithin agus déan measúnú ar an suíomh atá beartaithe agat**
2. **Dréachtaigh do mhodheolaíocht nó do phlean bainistíochta imeachta**
3. **Dréachtaigh Measúnú Riosca agus Plean Sláinte agus Sábháilteachta**
4. **Cuir é seo isteach in éineacht le do phlean leagan amach agus d'árachas chuig an Údarás Áitiúil (féach an t-aguisín le haghaidh naisc chuig na teagmhálaithe cuí anseo)**
5. **Eagraigh cruinniú más gá le haon phríomhpháirtithe leasmhara (Gardaí/Oifig Dóiteáin/Innealtóir Ceantair Áitiúil), b'fhearr dá mbeadh an cruinniú seo ar siúl ar an láithreán, ionas gur féidir leat labhairt trí do chuid pleananna don ghníomhaíocht/ imeacht**
6. **Cinntigh go bhfaigheann tú cead ón Údarás Áitiúil, má tá an t-imeacht i spás poiblí**

## 5.4
## Árachas

Teastaíonn Dliteanas Poiblí de €6.5 milliún ó gach imeacht i spás poiblí agus i bhformhór na n-imeachtaí ar réadmhaoin phríobháideach agus Dliteanas Fostóra de €13 mhilliún agus slánaíocht shonrach don Údarás Áitiúil mar chaighdeán. Cinntigh an margadh is fearr a chuardach agus luachan á fháil agat agus cuir gach gné den imeacht san áireamh sna sonraí a thugtar duit. Féadfaidh an chuideachta árachais plean bainistíochta imeachta a iarraidh ort don imeacht ionas go ndéanfaidh siad an riosca a mheas agus luachan a eisiúint duit. Cinntigh go bhfágann tú go leor ama chun an beartas a eagrú roimh ré, ná fág go dtí an nóiméad deireanach é!

Féadfar slánaíocht shonrach a iarraidh ort i gcoinne gach éilimh, agus an tslánaíocht shonrach a ainmniú. Cosnaíonn sé seo úinéir na réadmhaoine ó bheith san áireamh in aon éilimh a thagann chun cinn le linn an imeachta.

Nuair a bhíonn soláthraithe, ealaíontóirí etc. á gcur in áirithe agat le haghaidh d'imeachta, cinntigh go ndéanann tú cóipeanna dá bpolasaithe árachais a iarraidh agus a chomhdú agus iad a choinneáil. Is dea-chleachtas é slánaíocht shonrach a iarraidh ar do ghrúpa/ choiste/fhéile féin i gcoinne aon éilimh ó sholáthróirí agus ealaíontóirí chun sibh féin a chosaint freisin.

# 6.
# MAOINIÚ AGUS D'IMEACHT EALAÍON LASMUIGH A MHAOINIÚ

Sa chuid seo cumhdófar buiséadú le haghaidh d'imeachta, soláthar (luachana a fháil le haghaidh seirbhísí nó earraí), comhpháirtíochtaí agus páirtithe leasmhara, tiomsú airgid agus measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch d'imeachta. Seo cur i láthair ar líne freisin ó Kath Gorman agus Rose-Anne Kidney de chuid na Promanáide maidir le buiséadú, comhpháirtíochtaí agus airgead a thiomsú do na healaíona lasmuigh mar chuid dár sraith oiliúna POP.

## 6.1 Ceisteanna airgeadais maidir le d'imeacht a phleanáil

Is gnách go gcosnaíonn imeachtaí ealaíon lasmuigh, mura bhfuil siad an-bheag, níos mó ná imeacht laistigh. Is é is cúis leis sin gur minic a bhíonn ort bonneagar breise a fháil ar cíos amhail trealamh fuaime, gineadóirí (i gcás nach bhfuil rochtain ar chumhacht ar fáil) agus céimniú, chomh maith le pearsanra amhail cosaint shibhialta/garchabhair agus criú seachtrach.

Tá sé riachtanach a fháil amach cé mhéad is dócha a chosnóidh d'imeacht a dhéanamh chomh luath agus is féidir i do phleanáil tionscadail ar roinnt cúiseanna:

- **Measúnú a dhéanamh ar indéantacht smaoineamh agus uaillmhianta d'imeachta; an gá duit do smaoineamh imeachta a mhéadú nó a laghdú?**
- **Scóip a dhéanamh den mhéid tiomsaithe airgid breise is gá agus den tréimhse ama réadúil chun é sin a dhéanamh; dá mhéad an t-imeacht is ea is faide a thógfaidh sé chun tús a chur le hairgead a bhailiú**
- **Chun comhpháirtithe áitiúla a aimsiú ar féidir leo acmhainní comhchineáil breise a thabhairt, e.g. trealamh a thabhairt ar iasacht etc.**

Treoir ghinearálta maidir le d'imeacht a eagrú is ea:

- **Dá mhéad an suíomh, is ea is mó an buiséad mar tá níos mó spáis le líonadh.**
- **Is minic a bhíonn idir 35-50% de do chostais bhuiséid iomlána ag dul do chostais léiriúcháin (e.g. criú, stáitse, trealamh etc.), ag brath ar riachtanais shonracha léiriúcháin imeachta**
- **Beidh ar innealtóir struchtúrach cead a thabhairt le haghaidh aon rud a bhaineann le struchtúir shealadacha (e.g. pubaill) nó rigeáil, rud a mbeidh costas breise mar thoradh air**

### Imeachtaí Ceadúnaithe

Ní mór d'imeachtaí ina mbeidh níos mó ná 5000 duine acu dul tríd an bpróiseas pleanála ina nÚdarás Áitiúil 13 seachtaine roimh dháta an imeachta. Tá sé ríthábhachtach freisin go dtionólfar cruinniú agus comhairliúchán roimh an imeacht roimh an tréimhse 13 seachtaine. Ní mór don údarás pleanála cinneadh a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine ón imeacht. Teastaíonn teagmhais bhuiséadacha bhreise ó na cineálacha imeachtaí sin, lena n-áirítear na róil bhreise íoctha seo a leanas: Rialaitheoir Imeachta, Rialaitheoir Leighis, Criú, Bainisteoir Sláinte agus Sábháilteachta, Comhordaitheoir Maoirseachta. Bíonn Costais Léiriúcháin níos airde le haghaidh na cineálacha seo imeachtaí freisin.

## 6.2
## Do bhuiséad a phleanáil agus a fhorbairt do do smaoineamh tionscadail

Ar dtús déan machnamh ar an saineolas/na hacmhainní a theastaíonn uait maidir leis na nithe seo a leanas:

| GNÉ IMEACHTA | SONRA |
|---|---|
| Clár | Costais ealaíne amhail táillí ealaíontóirí*, ábhair, cultacha, radharcra/ gléasadh |
| Pearsanra | Costais phearsanra neamhealaíone amhail rigeálaí aeir, bainisteoir imeachta, comhordaitheoir sláinte & sábháilteachta, criú ginearálta, slándáil, margaíocht/cumarsáid & PR |
| Léiriú | Bonneagar amhail céimniú, bacainní, garchabhair/cosaint shibhialta, costais dúnta bóithre, gineadóirí, fuaim, soilsiú etc. |
| Margaíocht agus Cur Chun Cinn | Priontáil agus dearadh, na meáin shóisialta agus fógraíocht preasa, forbairt suíomhanna gréasáin, comharthaíocht/cláir taispeána imeachtaí etc. |
| Meastóireacht/doiciméadacht | Físghrafaíocht, grianghrafadóireacht, foireann suirbhéireachta & measúnú |
| Costais gan choinne | De ghnáth is soláthar breise 5% - 15% é seo de do bhuiséad foriomlán curtha i leataobh do chostais bhreise nó do chostais gan choinne. |

Féach teimpléad buiséid na n-imeachtaí lasmuigh in Aguisín 1.ii

*Táillí ealaíontóra móide taisteal, lóistín agus per diems/cothú i gcás inarb infheidhme.

Ba cheart d'aon ghrúpa atá ag smaoineamh ar imeacht ealaíon lasmuigh a fhorbairt beartas na Comhairle Ealaíon maidir le Luach Saothair don Ealaíontóir a léamh agus a chinntiú go dtugtar luach saothair ceart d'aon Ealaíontóirí.



## 6.3
## Soláthar

### Cad is brí le soláthar?

Is éard is soláthar ann ná an próiseas trína ndéantar earraí agus seirbhísí a fhoinsiú, a fháil agus a íoc. astu

Tá soláthróir maith, iontaofa riachtanach i mbainistíocht léiriúcháin imeachtaí lasmuigh.

Déan iarracht do sholáthraithe a choinneáil áitiúil, seachas má tá rud éigin ann nach féidir a fháil laistigh de do cheantar. Ó thaobh buiséid phoiblí de, bí aireach ar an riachtanas tairisceana mar a fhoráiltear i do litir tairisceana.

Faigh soláthróirí a oibríonn duit; atá iontaofa agus atá in ann seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá tábhacht leis an gcaidreamh sin agus ba cheart cumarsáid chomhsheasmhach mhaith, íocaíocht phras agus sceideal comhaontaithe le haghaidh oibreacha a dhéantar a bheith i gceist leis.




Volcanic, Music Generation ag Drawing a Crowd, Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann (grianghraf le Daniel Ryan)

# 6.4
# Samhlacha airgeadais lena n-áirítear comhpháirtíochtaí agus páirtithe leasmhara

Tá go leor samhlacha airgeadais éagsúla ann chun d'imeacht ealaíon lasmuigh a reáchtáil:

- **Arna mhaoiniú go hiomlán: is trí chúnamh deontais amhail an Chomhairle Ealaíon, an tÚdarás Áitiúil, Leader etc. a ghintear an t-ioncam ar fad.**
- **Arna mhaoiniú go páirteach: roinnt maoinithe curtha ar fáil trí fhoinsí rialtais/poiblí móide urraíocht ghnó áitiúil móide ioncam tuillte amhail tiomsaitheoirí airgid áitiúla agus díolachán ticéad do roinnt gnéithe den chlár***
- **Ioncam tuillte amháin; maoiniú a thiomsaítear trí thiomsaitheoirí airgid agus trí dhíolachán ticéad**

Seoladh Oíche Chultúir 2021, an tAmfaitéatar, Páirc Loch na nÉan, Baile Ros Comáin (grianghraf le Brian Farrell)



## Cad í an tsamhail is fearr do do smaoineamh imeachta?

Ar dtús tabhair 9-12 mhí ar a laghad roimh d'imeacht beartaithe chun ioncam a fháil chun d'imeacht a reáchtáil — dá mhéad an t-imeacht is ea is faide a thógfaidh sé lena thosú. Más imeacht den chéad uair é, bíodh níos mó ama agat chun airgead a thiomsú chun comhráite a bheith agat go háitiúil chun ceannach siteach a fháil agus chun comhpháirtíochtaí agus maoiniú a fháil.

Is mian le maoinitheoirí poiblí a fheiceáil go bhfuil a maoiniú ag dul i dtreo difríocht intomhaiste a dhéanamh do shaol daoine ar bhealach éigin, e.g. tacú le níos mó daoine óga rochtain a fháil ar na healaíona. Bí ar dtús agus bí réidh: cláraigh le nuachtlitreacha ar bith chun eolas a fháil faoi scéimeanna maoinithe nua.

Ba mhaith le gnólachtaí áitiúla a fháil amach conas a bheidh d'imeacht beartaithe ag teacht lena gcuspóirí gnó agus cén cineál buntáistí agus luacha a thabharfaidh sé dóibh, e.g. spriocghrúpa áirithe a bhaint amach a chabhróidh leo a gcuid táirgí a dhíol.

Chun cuidiú leat cinneadh a dhéanamh maidir leis an tsamhail airgeadais is fearr:

- **Féach ar phríomhphointí díola do thionscadail agus ar na gnéithe a d'fhéadfadh a bheith tarraingteach do mhaoinitheoir/do ghnólacht**
- **Tiomsaigh aiseolas, formhuinithe, monatóireacht agus meastóireacht ó aon imeachtaí roimhe seo (nó ó dhaoine aonair a bhfuil baint acu le tionscadail eile)**
- **Bain úsáid as do líonra teagmhálaithe chun comhpháirtíochtaí agus formhuinithe a thógáil**
- **Smaoinigh ar shreabhadh airgid agus ar na foinsí a d'fhéadfadh ioncam a chur ar fáil roimh ré, i dtráthchodanna íocaíochta nó i riaráistí ar chruthúnas ar chaiteachas agus ar fháltais**

Mar shampla, i gcás maoiniú Údaráis Áitiúil/rialtais a fháil, ba cheart do dhaoine aonair riachtanais tarraingthe anuas agus amlíne mhaoinithe a shoiléiriú leis an gcomhlacht dámhachtana toisc go bhféadfá íocaíocht a fháil tar éis na n-imeachtaí faoi réir cruthúnas caiteachais.

*Seiceáil le do phríomh-mhaoinitheoir ar dtús féachaint an bhfuil siad sásta go ngearrfaidh tú táille iontrála as d'imeacht, e.g. d'fhéadfadh beartais a bheith ag roinnt Údarás Áitiúil ina leith seo, go háirithe má tá siad ceangailte le maoiniú áirithe nó le spásanna poiblí amhail páirceanna poiblí.

# 6.5
# Cad é luach na gcomhpháirtíochtaí le haghaidh d'imeachta?

- **Is féidir le comhpháirtíochtaí a bheith an-úsáideach chun acmhainní, saineolas agus taithí a chomhthiomsú trí thacaíocht chomhchineáil***
- **Bíonn siad an-tarraingteach do mhaoinitheoirí freisin. Áirítear leis seo an áit a bhfuil tú ag féachaint ar airgead a bhailiú ó fhoinsí nua ioncaim den chéad uair.**
- **Is féidir leo saineolas nó cúnamh a chur ar fáil i réimse atá an-teicniúil nó stádas a chur le do thionscadal.**
- **Más ealaíontóir/eagraíocht thú atá ag teacht chun cinn agus má tá comhpháirtí agat a bhfuil cuntas teiste aige/aici i do cheantar gaolmhar, cabhróidh sé sin go mór leat.**

*Tacaíocht chomhchineáil — ciallaíonn sé seo earraí nó seirbhísí a thugtar ar iasacht nó a sholáthraítear saor in aisce

Is iad seo a leanas na buntáistí a bhaineann le tacaíocht chomhchineáil:

- **Bíonn sí níos éasca a fháil ná airgead tirim**
- **Tugann sí cuntas teiste duit maidir le comhpháirtíochtaí gnó a fhorbairt**
- **Cuireann sí próifíl bhreise le do thionscadal**
- **Is féidir leat a iarraidh ar urraitheoir do thacaíocht a thabhairt dá dtaithí maidir le bheith ag obair leat**
- **B'fhéidir go mbeidh tú in ann dul chucu chun urraíocht airgid a fháil an chéad uair eile**

## Conas a thógann tú comhpháirtíochtaí agus líonraí áitiúla agus náisiúnta?

Glac meon straitéiseach:

- **Cuir aithne ar na daoine agus ar na róil éagsúla atá acu i d'Údarás Áitiúil: an bhfuil sé de chúram orthu tacú le healaíontóirí/cruthaitheoirí áitiúla chun éiceolaíocht láidir ealaíon áitiúil a chinntiú***
- **Féach ar an Straitéis Ealaíon agus ar an Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta áitiúil de chuid Éire Ildánach (agus ar straitéisí forbartha pobail eile) do do cheantar Údaráis Áitiúil: cén chaoi a bhféadfadh d'imeacht ealaíon lasmuigh nó do smaoineamh tionscadail tacú leis na straitéisí sin?**
- **Ag brath ar smaoineamh d'imeachta, smaoinigh ar áiteanna eile laistigh d'Údarás Áitiúil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait chun caidrimh a thógáil, e.g. páirceanna, ranna cuimsithe shóisialta srl.**
- **Smaoinigh lasmuigh den Údarás Áitiúil ar chomhpháirtithe féideartha eile amhail coláistí, FSS, Éire Shláintiúil, Eagraíochtaí Forbartha Pobail**
- **Bí i do bhall de do Chumann Tráchtála áitiúil nó de chumann gnó áitiúil**
- **Bí i do bhall d'eagraíocht acmhainní a bhaineann go sonrach leis na healaíona amhail ISACS nó Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin, e.g. cuirfear tús le ballraíocht ISACS agus Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin ag €25 agus €30 in aghaidh na bliana faoi seach**
- **Bí i do bhall de Business to Arts; ballraíocht do chleachtóirí ealaíon aonair ó €60**




Taibheoirí le haghaidh cheiliúradh Nollag Solas, Plás Emmet, Cathair Chorcaí
(grianghraf le Darragh Keane)

# 7.
# AG OBAIR LE HEALAÍONTÓIRÍ AGUS LE COMHPHÁIRTITHE EALAÍON



## 7.1
## Ealaíontóirí agus comhpháirtithe ealaíon a oibríonn sna healaíona lasmuigh a aimsiú

Más í seo an chéad uair duit maidir le himeachtaí a reáchtáil a bhfuil ealaíontóirí páirteach iontu, ba chóir d'Oifigeach Ealaíon na nÚdarás Áitiúil a bheith ar do chéad phointe teagmhála. Beidh siad in ann cabhrú leat le teagmhálacha féideartha d'ealaíontóirí dul i dteagmháil laistigh de do réigiún, ag brath ar réimse na foirme ealaíne atá á lorg agat. Féadfaidh siad comhairle a thabhairt duit freisin maidir le líonraí ealaíontóirí áitiúla, grúpaí nó comharghrúpaí.

Is féidir le comhpháirtithe ealaíon/cultúir áitiúla sainábhar cláir ó fhoirm ealaíne ar leith a chur ar fáil. Cinntigh go dtugann tú am tionscanta fada go leor duit féin mar d'fhéadfadh go mbeadh a bpleananna cláir i bhfeidhm ag eagraíochtaí den sórt sin cheana féin.

Mar shampla:

- **D'fhéadfadh ionaid ealaíon, amharclanna nó dánlanna a bheith ag obair le healaíontóirí áitiúla nó d'fhéadfadh Cónaitheachtaí Ealaíontóra a bheith acu**
- **Cuideachtaí léiriúcháin (e.g. amharclannaíocht, sorcas, ealaíona sráide/mórthaibhiú) a oibríonn le réimse taibhealaíontóirí**
- **Sainghníomhaireachtaí ealaíon, e.g. an Líonra Ceoil chun comhairle a fháil maidir le coimeádaíocht a dhéanamh ar thaibhithe ceoltóra agus ealaíontóirí oiriúnacha do cheardlanna, Music Generation do cheardlanna agus taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga agus ag leanaí agus daoine óga**
- **Amharclanna óige nó scoileanna drámaíochta/damhsa taibhealaíon le haghaidh ceardlanna agus taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga agus ag leanaí agus daoine óga**
- **Leabharlanna a d'fhéadfadh a bheith in ann imeachtaí atá dírithe ar léitheoireacht/scríbhneoireacht a chur ar fáil**
- **Ollscoileanna agus coláistí a mbeidh rochtain acu ar thallann mac léinn atá ag teacht chun cinn, e.g. mic léinn ealaíne nó ceoil**
- **Tithe tábhairne a bhfuil cláir láidre ceoil acu agus eolas acu ar na bannaí ceoil áitiúla**
- **Grúpaí agus seirbhísí pobail, e.g. cumainn lucht siúil, clubanna óige, Botháin na bhFear, grúpaí mionlaigh eitneacha, grúpaí daoine scothaosta etc.**

Agus tú ag obair le comhpháirtí ealaíon/cultúir, tá sé tábhachtach a bheith soiléir faoi róil agus freagrachtaí ón dá thaobh chun mearbhall agus míthuiscint a sheachaint. Ciallaíonn sé sin cé atá freagrach as na cúraimí, costais, tráthchláir, miniciocht na gcruinnithe, conas a chuirtear comhpháirtithe chun sochair agus conas a dhéantar cinntí críochnaitheacha, e.g. ábhar an chláir a cheadú. Cabhróidh téarmaí tagartha nó comhaontú simplí i scríbhinn leis seo.

Is bealach maith iad Gairmeacha Oscailte freisin chun teacht ar ealaíontóirí a bhfuil sainscileanna acu, ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn nó iad siúd nach bhfuil an oiread sin ionadaíochta acu sna healaíona. Cuireann sé sin ar do chumas do chuardach a leathnú agus a thaispeáint go bhfuil beartas trédhearcach agat maidir le clárú agus do shroicheadh ealaíne a leathnú.

Tá eagraíochtaí acmhainní náisiúnta a bhaineann go sonrach le foirmeacha ealaíne ag Éirinn ar eagraíochtaí iad atá bunaithe ar bhallraíocht, agus cuireann go leor acu teagmhálacha ar fáil dá mbaill ealaíontóirí/eagraíochta ealaíon. Mar shampla, tá os cionn 250 ball ag ISACS (Líonra na hÉireann um Ealaíona Sráide, Sorcas & Mórthaibhsithe) a bhfuil raon saineolais agus scileanna acu i ngach rud ó shíoda ón aer, léiriú dóiteáin agus puipéadóireacht ar scála mór.

Féach Aguisín 2.ii le haghaidh liosta iomlán de na heagraíochtaí acmhainní.



Sonraí an ghrianghrafadóra: Taibheoirí Circus Factory ag Páirc na Muiríne (grianghraf le Darragh Keane)

# 7.2
# Dálaí oibre agus Leas

Tá ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon agus foireann na hócáide ar thús cadhnaíochta maidir le d'imeacht ealaíon lasmuigh a chruthú agus tá sé thar a bheith tábhachtach é seo a chur ina cheart. Is pobal beag é pobal na n-ealaíon agus gheobhaidh ealaíontóirí eile eolas ar an áit a raibh drochthaithí nó taithí iontach acu ag imeacht. Ciallaíonn sé sin:

- **Teagmháil rialta a choinneáil leis an ealaíontóir/eagraíocht ealaíon, ag aontú go mbeidh a n-am glao ar an láithreán agus le sonraí teagmhála an phríomheagraí ar an lá**
- **Riachtanais léiriúcháin gach criú agus foireann aisteoirí, ealaíontóirí, soláthraithe a aithint**
- **Riachtanais rochtana agus cóiríocht chuí a aithint d'ealaíontóirí faoi mhíchumas**
- **Comhaontú i scríbhinn a fháil maidir leis an ngníomhaíocht chomhaontaithe lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha**
- **An láithreán agus an suíomh ceart a chomhaontú le haghaidh gníomhaíochta laistigh den láithreán; i gcás nach féidir cuairteanna ar an láithreán a dhéanamh roimh ré, grianghraif agus físeáin a sholáthar chun suíomh na gníomhaíochta a chomhaontú**
- **An trealamh/na hábhair bhreise chearta is gá don ghníomhaíocht a sholáthar arna iarraidh sin don ealaíontóir/eagraíocht ealaíon/léiritheoir**
- **D'fhéadfadh laethanta fada a bheith i gceist le bheith ag obair in áiteanna ar leith ar an láithreán/i spás poiblí. Cinntigh go ndéanann tú na costais seo ar fad a áireamh i do bhuiséad**
- **Áit theolaí thirim a sholáthar d'ealaíontóirí chun a gcuid éadaí a athrú agus scíth a ligean (go hidéalach le sólaistí)**
- **Áit a sholáthar d'ealaíontóirí chun a dtrealamh nó a seit a stóráil, le sonraí faoi phointí rochtana chun é sin a fhágáil ar lár**
- **A chinntiú go mbíonn sosanna leordhóthanacha ag ealaíontóirí agus ag an gcriú má bhíonn gníomhaíochtaí éagsúla á ndéanamh acu**
- **A chinntiú go ndéantar seiceálacha cuí sláinte agus sábháilteachta, go soláthraíonn an t-ealaíontóir measúnuithe riosca agus nach gcuirtear iallach ar ealaíontóirí gníomhaíocht a dhéanamh i ndrochaimsir, e.g. gaoth, báisteach**
- **Sainaithin an áit is gaire chun páirceáil inti**
- **Sainaithin siopaí agus caiféanna áitiúla le moladh a bhfuil roghanna bia sláintiúla ar ardchaighdeán agus caife maith acu! Déan comhrá leis na gnólachtaí seo le fáil amach an n-aontóidh siad lascaine**
- **Ráta cuí a íoc le healaíontóirí dá ngníomhaíocht, lena n-áirítear aon am ullmhúcháin agus costais taistil agus chothaithe (go háirithe agus iad ag taisteal níos faide i gcéin)***
- **Daoine a íoc in am**
- **Buíochas a ghabháil le healaíontóirí, rannpháirtithe, éascaitheoirí ar an lá agus i ríomhphost/glao leantach**

*Tá rátaí pá agus scálaí samplacha ag roinnt eagraíochtaí acmhainní trí líonra níos leithne an tionscail, féach anseo:

Cruthaigh Éire
Amharc-Ealaíontóirí Éireann
Amharclannaíocht Óige Éireann
Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin

Tabhair faoi deara gur chóir go mbeadh rátaí lae/táillí taibhiúcháin níos airde ná an ráta lae pro rata do dhuine a bhfuil tuarastal aige nó aici. Tá sé seo amhlaidh toisc go bhfuil saorchonraitheoir féinfhostaithe freagrach as a gcáin féin, ÁSPC agus ní fhaigheann sé nó sí sochair ar bith amhail liúntas saoire nó teidlíocht breoiteachta.



Taibheoir ag an imeacht Revel Ráth Domhnaigh le haghaidh Oíche Chultúir, Ráth Domhnaigh (grianghraf le Rene Metelicka)

# 8.

# LUCHTANNA FREASTAIL A FHORBAIRT LE HAGHAIDH IMEACHTAÍ EALAÍON LASMUIGH



## Straitéis Forbartha Lucht Féachana/Éisteachta

### 8.1
### Cad is brí le forbairt an lucht féachana/éisteachta?

Is é an sainmhíniú a thugann an Chomhairle Ealaíon ar fhorbairt an lucht féachana/éisteachta ná gníomhaíocht ar bith a bhaineann leis na healaíona a dhéanamh inrochtana go forleathan, go háirithe:

- **Luchtanna freastail a mhéadú**
- **An caidreamh le luchtanna freastail a threisiú**
- **Luchtanna freastail a éagsúlú**

Tá sé tábhachtach do straitéis forbartha lucht féachana/éisteachta a mheas agus tú ag smaoineamh ar cén fáth ar mhaith leat imeacht ealaíon lasmuigh a reáchtáil. Cuideoidh na ceisteanna seo leat agus tú ag smaoineamh ar lucht féachana/éisteachta:

- **Cé a chuirfidh spéis i d'imeacht?**
- **Cad iad na spriocuimhreacha atá agat don imeacht?* Féach thíos chun tinreamh a thomhas**
- **Cé a bhainfidh sé amach?**
- **Cé nach bhfuil freastal orthu ag imeachtaí ealaíon i do cheantar faoi láthair?**
- **Conas is féidir leat níos mó daoine a mhealladh chun freastal nó páirt a ghlacadh?**
- **Cad iad na codanna sonracha den phobal a bhféadfadh d'imeacht a bhaint amach? e.g. leanaí agus daoine óga, pobail nua, daoine scothaosta**
- **Acmhainn freastalaithe; acmhainn a thomhas ag d'imeacht**

### 8.2
### Freastal ar imeachtaí a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air

Ní gá go gciallódh freastal ar líon an lucht féachana nó an lucht féachana amháin. I gcás inarb ábhartha, is féidir glacadh leis go bhfuil rannpháirtithe (ealaíontóirí/taibheoirí), criú, aíonna agus saorálaithe san áireamh sa tinreamh. Is féidir le lucht freastail a chatagóiriú ar an mbealach seo cabhrú le tionchair eile a thomhas a dhéanann measúnú ar iompar grúpaí éagsúla ag an imeacht.

Is gnáthchleachtas é méideanna slua a bhreisiú chun críocha caidrimh phoiblí, ach cuireann sé isteach ar iontaofacht na monatóireachta agus na meastóireachta atá bunaithe ar mheastacháin tinrimh agus is féidir le huimhreacha a mhéadú cúltaca a dhéanamh maidir leis na céimeanna a chaithfidh tú a ghlacadh sa todhchaí má tá tú ag léiriú an imeachta arís.

### Imeachtaí a dteastaíonn Ticéid dóibh

Tá sé seo níos simplí mar is féidir é a bheith bunaithe ar dhíolacháin ticéad amháin, is iad sonraí na n-oifigí bosca, díolacháin ticéad agus dáileadh ticéad an phríomhfhoinse sonraí. Ach tabhair faoi deara nach ionann i gcónaí líon na dticéad a dháiltear nó a dhíoltar agus freastal ar an imeacht, go háirithe má theastaíonn ticéid don imeacht ach saor in aisce mar is gnách go mbíonn gné shuntasach neamhfhreastail ann dóibh siúd. Is fearr cuntair chlicire a úsáid, ar féidir iad a íoslódáil go héasca mar aip atá ar fáil go forleathan.

### Imeachtaí nach dteastaíonn Ticéid dóibh

Má tá imeacht agat atá dúnta ag bacainní (CCBanna) tá siad seo 2.5m ar fhad, is é an treoir ghinearálta ná gur féidir freastal ar chúigear go compordach le haghaidh gach ceann agus má tá luach 250m acu seo agat feadh imlíne an imeachta agus má tá an slua ina dhá líne tá meastachán agat ann de 500 duine ag d'imeacht.

Mura bhfuil aon bhearta rialaithe slua i bhfeidhm (rochtain oscailte) is féidir meastachán a bhailiú trí úsáid a bhaint as na 2 duine in aghaidh an Mhéadair Chearnaigh a d'úsáidfí go ginearálta ag ceolchoirmeacha lasmuigh.

## 8.3
## Straitéis Forbartha Lucht Féachana/ Éisteachta

Tá forbairt Straitéise Forbartha Lucht Féachana/Éisteachta ceangailte le do ghníomhaíochtaí imeachta (ábhar agus formáid clársceidealaithe) agus le margaíocht/ cur chun cinn le haghaidh d'imeachta.

I measc na mbreithnithe maidir le hábhar agus formáid an chlársceidealaithe tá am an lae, an cineál spáis lasmuigh, straitéisí praghsála ticéad nó cead isteach saor in aisce, oiriúnacht na n-imeachtaí atá cláraithe (comhairleoirí aoise ar bith), éagsúlacht ealaíontóirí atá á gclársceidealú chun an spriocphobal a léiriú, rannpháirtíocht an spriocphobail i gclársceidealú d'imeachta (amhail painéil óige).

Roinneann Declan McCarthy – Stiúrthóir Ealaíne Fhéile Ealaíon an Sciobairín, Tara McGowan – Stiúrthóir Fhéile Ealaíon Chairde Shligigh agus Garry McCarthy – Stiúrthóir Cruthaitheach Stiúideo Kabin a dtaithí maidir le himeachtaí a dhéanamh cairdiúil don ealaíontóir agus don lucht féachana/éisteachta sa chur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP.



## 8.4
## Cumasc margaíochta a fhorbairt

Is sraith uirlisí iad seo a chuideoidh leat creat a fhorbairt do do straitéis mhargaíochta agus chur chun cinn. Miondealaíodh iad ar dtús ina 4 'P', tugtar na 7 'P' orthu sin anois, agus tá cuid acu níos ábhartha ná a chéile d'imeachtaí ealaíon lasmuigh:

| | |
|---|---|
| **TÁIRGE / IMEACHT** | Smaoinigh ar an méid a chuireann d'imeacht ar fáil do do lucht féachana/ éisteachta agus conas is fearr is féidir leat an méid sin a chur in iúl |
| **PRAGHAS** | An ngearrfaidh tú táille as d'imeacht? Agus má ghearrfaidh, cad é an praghas ceart do do spriocghrúpa? Cé mhéad a íocfaidh siad go réadúil? |
| **CUR CHUN CINN** | Áirítear le cur chun cinn fógraíocht, margaíocht ábhair (e.g. físeáin, blaganna, podchraoltaí), na meáin shóisialta, ríomhphoist dhíreacha, lascainí, PR, etc.). Smaoinigh ar na cineálacha cur chun cinn is oiriúnaí do d'imeacht, ag brath ar an mbuiséad agus ar an spriocghrúpa araon |
| **ÁIT** | Cén t-ardán a úsáidfidh tú chun an t-imeacht a dhíol? Mar shampla, suíomh gréasáin do ghrúpa nó suíomh gréasáin comhpháirtíochta, oifigí bosca fisiciúla (ag ionad nó oibreoir eile) |
| **DAOINE** | Cén duine / cé na daoine ar d'fhoireann a dhéanfaidh an mhargaíocht agus an cur chun cinn? Cibé acu atá go leor airgid sa bhuiséad chun íoc as roinnt tacaíochta, saineolas ar na meáin shóisialta ar a laghad (agus PR go hidéalach freisin), nó nach bhfuil. Más deonach, a chinntiú go bhfuil an fhoireann ar fad soiléir faoin bplean margaíochta agus cur chun cinn éagsúil agus a chomhaontú cé atá freagrach agus cad as a bhfuil siad freagrach |
| **PACÁISTIÚ** | De ghnáth ní bhaineann sé seo le himeachtaí ealaíon lasmuigh ach d'fhéadfadh brandáil agus earraí amhail suaitheantais, greamáin agus pinn a sheoltar tríd an bpost le ticéid a bheith san áireamh |
| **PRÓISEAS** | An bhfuil an lóistíocht ar fad curtha ar bun go héifeachtúil chun freagairt go maith do do lucht féachana/éisteachta féideartha? Mar shampla, ticéadú réidh ar líne, foireann cabhrach seirbhíse do chustaiméirí/oifig bhosca, freagra tapa a thabhairt ar cheisteanna ó chustaiméirí trí na meáin shóisialta |

Tugann an cur i láthair seo ar líne mar chuid dár sraith oiliúna POP le Conall Ó Riain – Bainisteoir Cumarsáide agus Forbartha le Féile Lársamhraidh Chorcaí agus Sinéad O'Doherty – PR forbhreathnú freisin ar mhargaíocht, PR, cumarsáid agus meastóireacht le haghaidh imeachtaí ealaíon lasmuigh.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon liosta acmhainní ar fáil anseo maidir le rannpháirtíocht an phobail, amhail cuidiú le spriocanna lucht féachana/éisteachta a shocrú, lucht féachana/éisteachta a mhapáil agus cuidiú le do phleananna le haghaidh rannpháirtíocht an phobail.

# 9. COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS IONCHUIMSIÚ

## Cad is brí le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú i gcomhthéacs imeachtaí ealaíon lasmuigh?

Ciallaíonn comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú plean agus straitéis a bheith agat ionas go mbeidh daoine ó gach cúlra in ann freastal ar d'imeacht ealaíon lasmuigh, go gcuirtear fáilte rompu agus gur féidir leo rochtain a fháil ar na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí éagsúla (tuigtear go bhféadfadh roinnt imeachtaí a bheith oiriúnach do dhaoine fásta nó do leanaí amháin).

Tá naoi dtréith chosanta ann faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018. Is iad sin aois, stádas sibhialta nó teaghlaigh, míchumas, inscne, ballraíocht den Lucht Siúil, cine, reiligiún nó gnéaschlaonadh.

Tugann an Chomhairle Ealaíon dá haire freisin bunús an chúlra shocheacnamaíoch mar bhonn breise ar a gcaithfear comhionannas deiseanna, rochtana agus torthaí a ráthú.

Bailíonn Tacar Uirlisí Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) na Comhairle Ealaíon samplaí de dhea-chleachtas chun tacú le heagraíochtaí ealaíon ar an aistear chun EDI a chur chun cinn.

On Tish! le Síolta Circus ag Lá Domhanda an tSorcais 24, Páirc Somer, an Caisleán Riabhach (grianghraf le Brian Farrell)



# 10. D'IMEACHT A BHEITH INBHUANAITHE AGUS NEAMHDHÍOBHÁLACH DON TIMPEALLACHT

*"Mar eagraithe imeachtaí, tá deis uathúil againn múnlú a dhéanamh ar an gcineál domhain is mian linn a fheiceáil — ón mbonneagar a chuireamar i bhfeidhm chun déileáil le soláthar fuinnimh, dramhaíola, uisce, bia agus iompair inár mionsibhialtacht, go dtí na cóid chultúrtha, na luachanna cultúrtha agus na hiompraíochtaí cultúrtha a leagamar amach i gcomhar lenár lucht féachana/éisteachta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha i bhfad tar éis dóibh filleadh abhaile. Beidh srianta ann i gcónaí — srianta reachtacha, fisiceacha agus cultúrtha — ach mar phobal, táimid bródúil as bealaí cruthaitheacha a aimsiú chun constaicí a shárú. Tá sé de chumhacht againn athruithe móra a dhéanamh chun cabhrú leis na tionchair is measa a bhaineann leis an ngéarchéim aeráide a mhaolú, má roghnaímid glacadh léi.'*

An Tuarascáil The Show Must Go On – 2015 (arna nuashonrú 2020)

Agus an bhéim ag dul i méid i gcónaí ar dhúshlán criticiúil an athraithe aeráide, tá grinnscrúdú déanta ar earnáil na n-imeachtaí, i ndáil leis na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh aici chun cur leis an ngá síormhéadaitheach le hinbhuanaitheacht. Mar sin féin, má smaoiníonn tú air seo ón tús seachas mar bhreiseán is féidir leis cabhrú leat le do phleanáil agus cur le haon cheisteanna buiséid. Bí réadúil maidir leis an méid is féidir leat a bhaint amach – tá sé níos fearr rud éigin beag a bhaint amach seachas dada a dhéanamh!

*"I dtús báire, d'fhéadfadh sé a bheith scanrúil smaoineamh ar conas d'imeacht a dhéanamh inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Níor cheart a mheas gur ualach nó saincheist chomhlíonta é a bheith glas nó comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de maidir le himeachtaí a reáchtáil. Tá cúiseanna morálta agus eiticiúla an-láidir ann le bheith níos inbhuanaithe, ach tá cúiseanna fónta eacnamaíocha agus margaíochta ann freisin.  Beidh léiritheoirí nua-aimseartha, forásacha, bainisteoirí imeachta, ealaíontóirí agus soláthraithe, a ghlacann le coincheapa inbhuanaithe, ag cur a gcuideachtaí ar sheasamh maith don todhchaí."*

Fáilte Éireann, Treoir maidir le cruinnithe agus imeachtaí glasa a reáchtáil

Ar an gcéad dul síos, molaimid duit féachaint ar an bhfíseán oiliúna 1 uair an chloig seo le hImeachtaí Dúchasacha faoi Inbhuanaitheacht ag Imeachtaí Lasmuigh, a sheachadtar thar ceann ár sraith oiliúna POP. Tá Imeachtaí Dúchasacha ag treorú imeachtaí, earnáil chultúrtha agus chruthaitheach na hÉireann ar Athrú Aeráide trí chomhairleoireacht, léiriú agus éiceafhruiliú.  Cuirfidh sé treoir ar fáil duit maidir le conas plean inbhuanaitheachta a fhorbairt ar fud thionchair chomhshaoil d'eagraíochtaí. Príomhfhócas is ea leideanna a thabhairt maidir leis an tábhacht a bhaineann le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus conas iad a chomhtháthú in oibríochtaí d'fhéile, d'imeachta nó d'eagraíochtaí.

Idir an dá linn, seo roinnt samplaí den mhéid a d'fhéadfá a chuimsiú i d'imeacht ealaíon lasmuigh, ach bí réadúil faoin méid is féidir leat a bhaint amach, go háirithe eagraithe nua imeachtaí:

## 9.1
## Inbhuanaitheacht Comhshaoil

- Cinntigh go bhfuil duine ar an bhfoireann imeachta atá dírithe ar inbhuanaitheacht
- Iarr ar na healaíontóirí an tionchar a bhíonn acu ar an gcomhshaol a chur san áireamh, go háirithe i leith úsáid ábhar
- Nuair is ábhartha, comhoibrigh le Rannóg Chomhshaoil an Údaráis Áitiúil agus le baill foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide lena chinntiú go bhfuil teachtaireacht chomhtháite á soláthar agus go bhforbraítear beartas comhoibríoch agus go bhfuil plean i bhfeidhm ina dhiaidh sin

## 9.2
## Rochtain ar Leictreachas

- An phríomhchumhacht a úsáid le tosaíocht a thabhairt di thar an gcumhacht a ghintear.

Má tá gá le gineadóirí mar gheall ar an gcineál suímh a bhaineann go sonrach le suíomh ar leith, ba cheart smaoineamh ar ghineadóirí a úsáideann HVO (Ola Glasraí arna chóireáil le hidrigin) nó atá grianchumhachtaithe (e.g. cuireann Imeachtaí Dúchasacha raon gineadóirí ar fáil a ritheann ar chumhacht na gréine).

## 9.3
## Teicnící ar mhaithe le Fuinneamh a Spáráil

- Soilse LED amháin a úsáid, más féidir
- Monatóireacht a dhéanamh ar ídiú breosla go bliantúil

Déanamh píosaí ealaíne féinchumhachtaithe a spreagadh/a dhreasú agus tú ag obair le healaíontóirí ar choimisiúin nua.



## 9.4
## Laghdú CO2

- Úsáid Gineadóirí Bithbhreosla a luadh cheana (I gcás inar féidir le hastaíochtaí $CO_2$ titim faoi 90%) agus seiceáil foinse aon bhithbhreosla a úsáidtear (cinntigh nach ola pailme í toisc gur cúis mhór é sin le dífhoraoisiú domhanda)
- An lucht féachana/éisteachta a spreagadh chun a lorg carbóin a fhritháireamh trí úsáid a bhaint as iompar poiblí nó rothaíocht chuig an bhféile
- Oibrigh le soláthraithe a bhfuil clár cúitimh charbóin acu
- Déan cinneadh an ndéanfaidh d'imeacht carbón a fhritháireamh i gceantar ar leith agus conas a dhéanfaidh sé é a fhritháireamh, ná tabhair eolas míthreorach mar rachaidh sé in aimhréidh
- Spriocanna nua a leagan amach bliain ar bhliain

## 9.5
## Bithéagsúlacht a Chosaint

- Ba cheart limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de nó déantáin a bhfuil tábhacht oidhreachta nó chultúrtha ag baint leo a chur san áireamh sa dearadh imeachta
- Moltar Measúnuithe Tionchair Timpeallachta a dhéanamh le haghaidh d'imeachta más gá chun flóra agus fána áitiúil a chosaint
- Iarr comhairle ó Oifigeach Bithéagsúlachta d'Údaráis Áitiúil

## 9.6
## Drochthionchar ar an gComhshaol a Sheachaint

- Oibrigh leis an lucht féachana/éisteachta, le soláthraithe agus le healaíontóirí chun tionchar dearfach a imirt ar roghanna taistil agus chun astaíochtaí a bhaineann le taisteal a laghdú, e.g. comhroinnt gluaisteán, rothaíocht, páirceáil agus marcaíocht a spreagadh agus roghanna iompair phoiblí a fhógairt
- Oibrigh le soláthraithe áitiúla chun mílte agus lorg carbóin a laghdú
- Dearadh le haghaidh díchóimeála: ba cheart an bonneagar go léir a dhearadh le haghaidh díchóimeáil éasca
- Ábhair a athúsáid, a athchúrsáil agus a bhronnadh tar éis na féile chun dramhail a sheachaint, e.g. ábhair bhrandála amhail meirgí
- Oibrigh le Soláthraithe a bhfuil dintiúir chomhshaoil níos fearr acu (cinntigh go bhfuil sé seo mar chuid den phróiseas soláthair)

## 9.7
## Inbhuanaitheacht Shóisialta

- Tabhair gealltanas d'ardán imeachta a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an lucht féachana/éisteachta agus dul i dteagmháil leo chun feasacht a mhúscailt ar shaincheisteanna comhshaoil agus chun nascadh agus comhoibriú le cúiseanna agus eagraíochtaí comhshaoil áitiúla agus náisiúnta, e.g. Imeachtaí Dúchasacha, Ná Fág Lorg

Ealaíontóirí Kate O'Shea & Enya Moore ag seachadadh ceardlann déanta priontaí ag imeacht POP Iluminate ag Oileán na nGéanna, Trá Lí (Grianghraf le Hannah Pinckheard)

## 9.8
## Cumarsáid agus Margaíocht

- Seachain ábhair chlóite nuair is féidir, infheistigh sa láithreacht ar líne (priontáil ar éileamh amháin más gá)
- Má tá ábhair chlóite dosheachanta, bain úsáid as an bpáipéar agus na táirgí is éadroime is féidir atá éiceadheimhnithe agus athchúrsáilte agus in-bhithmhillte nuair is féidir
- Cuir teachtaireacht chomhshaoil san áireamh maidir le haon ábhar clóite (agus ar líne)
- Comharthaíocht a úsáid ar féidir í a athúsáid bliain ar bhliain

Tag: Roinnt ceannteidil treorach tógtha ó Threoir na gCathracha maidir le Soilsiú Cliste agus Fáilte Éireann, Treoir maidir le cruinnithe agus imeachtaí glasa a reáchtáil.



# 10.
# MEASTÓIREACHT AGUS TUAIRISCIÚ



## 10.1 Príomhphointí le cuimhneamh orthu agus tionscadal/imeacht á dhúnadh

- **Íoc gach soláthraí, ealaíontóir agus criú**
- **Faigh aiseolas ón lucht freastail, ó rannpháirtithe agus ón gcriú agus ón bhfoireann**
- **Gnéithe a shainaithint a bhféadfadh athmhachnamh a bheith ag teastáil ina leith**
- **Deimhnigh an raibh aon fhadhbanna nó gearáin ann**
- **Déan taighde lucht féachana/éisteachta (is fearr a dhéantar ar an láithreán ar an lá)**
- **Faigh aiseolas ó na páirtithe leasmhara/na hurraitheoirí/na maoinitheoirí; reáchtáil cruinnithe faisnéisithe**
- **Athbhreithniú ar Acmhainní; an raibh an buiséad leordhóthanach chun an t-imeacht a sheachadadh?**

## 10.2 Measúnú a dhéanamh ar thionchar eacnamaíoch d'imeachta

I gcás eagraithe imeachtaí a bhfuil níos mó taithí acu nó iad siúd a eagraíonn imeachtaí níos mó agus níos costasaí, is fiú straitéis a fhorbairt chun an tionchar eacnamaíoch a thomhas.

### Cad is tionchar eacnamaíoch ann?

*"An ranníocaíocht chomhlán airgeadais a dhéanann eagraíocht nó saoráid le geilleagar foriomlán a bunlimistéir (mar shampla, a baile, a réigiún nó a náisiún)."* (Luchtanna Freastail RA)

Trí thionchar eacnamaíoch imeachtaí ealaíon lasmuigh a thomhas, is féidir le heagraithe a léiriú gur fiú infheistíocht a dhéanamh in imeachtaí den sórt sin agus an cás á dhéanamh acu le maoinitheoirí/urraitheoirí poiblí agus príobháideacha araon. I measc na gcineálacha tairbhí a bhaineann le tionchar eacnamaíoch tá:

- **Ioncam méadaithe i bhfoirm caiteachas cuairteoirí**
- **Cruthú fostaíochta nó ioncam cánach méadaithe**
- **Feiceálacht mhéadaithe trí phoiblíocht imeachta**
- **Athruithe ar fheasacht branda nó ar íomhá na n-urraitheoirí nó an bhaile óstaigh nó na cathrach óstach**

Luaitear i dtuarascáil choimisiúnaithe 2011 na Gníomhaireachta um an Lucht Féachana/Éisteachta, Taighde a dhéanamh ar Lucht Féachana/Éisteachta ag Imeachtaí agus Féilte Lasmuigh, cé gur féidir le staidéar tionchair eacnamaíoch fianaise láidir a thabhairt maidir le tionchar d'imeachta, nár cheart tabhairt faoi ghníomhaíocht den sórt sin go héadrom toisc go mbaineann saineolas agus acmhainní sonracha léi. Tá sé mar aidhm ag an Teimpléad & Treoir seo de chuid Fáilte Éireann maidir le Taighde a dhéanamh ar Fhéilte & ar Imeachtaí Cultúrtha bealach a chur ar fáil d'eagraithe féilte agus imeachtaí chun meastacháin láidre a sholáthar ar thionchar a n-imeachta ar thurasóireacht trí úsáid a bhaint as bearta caighdeánacha atá chomh cruinn agus is féidir agus ar féidir iad a chur i gcomparáid ó bhliain go bliain agus ó imeacht go himeacht.

# Gluais Téarmaí

In-bhithmhillte: Is féidir é a bhriseadh síos trí phróisis nádúrtha, mar shampla gníomh baictéarach.

Bithdhíosal: Breosla malartach dó ghlain a dhíorthaítear ó shaillte ainmhithe nó ola glasraí is féidir a úsáid in innill dó díosail. Níl táirgí peitriliam ann, ach féadfar é a chumasc le díosal peitriliam-bhunaithe.

Lorg Carbóin: Tomhas ar an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar an gcomhshaol i dtéarmaí mhéid na ngás ceaptha teasa a tháirgtear, arna thomhas in aonaid dé-ocsaíde carbóin.

Cúiteamh Carbóin: Bealach chun gníomhú in aghaidh an charbóin a astaítear nuair a bhíonn úsáid breosla iontaise ina cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Is minic a bhíonn infheistíocht i dtionscadail amhail fuinneamh in-athnuaite, plandáil crann agus tionscadail atá tíosach ar fhuinneamh i gceist le cúitimh.

Neodrach ó thaobh na hAeráide de: Táirgí nó seirbhísí a laghdaíonn agus a chúitíonn na gáis cheaptha teasa a ghintear ag gach céim dá saolré ar bhonn 'cliabhán go grinneall': foinsiú a n-ábhar, a monarú nó a dtáirgeadh, a ndáileadh, a n-úsáid agus diúscairt deiridh ré.

CCBanna: Bacainní Slua-Rialaithe.

Féile Seala Ama: Suiteáil Leanúnach, réamh-mheastacháin etc... le linn féile a reáchtáil.

Lorg Éiceolaíochta: An tomhas ar an limistéar is gá chun na hacmhainní agus an limistéar is gá a sholáthar do dhaonraí náisiúnta chun a gcuid dramhaíola a ionsú.

Éiceolaíocht: Córas na gcaidreamh idir orgánaigh agus a dtimpeallachtaí

Éiceachóras: Pobal d'orgánaigh bheo a idirghníomhaíonn leo féin agus lena dtimpeallacht.

Éiceathurasóireacht: Taisteal freagrach chuig limistéir nádúrtha ina gcaomhnaítear an comhshaol agus ina bhfeabhsaítear folláine mhuintir na háite.

Caomhnú Fuinnimh/Uisce: Cleachtais agus straitéisí atá deartha chun an méid fuinnimh agus uisce a úsáidtear a íoslaghdú.

Dul Amach: Is é seo an gníomh a dhéanann lucht féachana/éisteachta a fhágáil/a dhul amach nó a aslonnú ó spás an imeachta.

EMP: Plean Bainistíochta Imeachta.

Iompar atá Freagrach ó thaobh an Chomhshaoil de: Roghanna iompair a íoslaghdaíonn an tionchar ar an gcomhshaol amhail olliompar poiblí (iarnród éadrom, fobhealach, busanna leictreacha/hibrideacha/bithdhíosail) agus feithiclí leictreacha/hibrideacha.

Dramhthrealamh Leictreonach: Dramhail a ghintear ó ghléasanna leictreonacha a úsáid nó a dhiúscairt, amhail ríomhairí, teilifíseáin agus fóin phóca. Is gnách go mbíonn dramhthrealamh leictreonach an-tocsaineach do dhaoine, do phlandaí agus d'ainmhithe, agus tuigtear go n-éilíonn sé uisce, aer agus salachar.

Ceadúnas Imeachta: Sa chás go mbíonn lucht féachana/éisteachta de 5,000 duine nó níos mó i gceist le imeacht poiblí lasmuigh, ní mór don eagraí Ceadúnas Imeachta Lasmuigh a fháil ón Údarás Áitiúil. Tá sé seo i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010 (arna leasú) agus le Cuid 16 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú).

GIF: San fhoirm is simplí níl ann ach comhad íomhá, is féidir an fhormáid GIF a úsáid chun íomhánna neamhbheo a dhéanamh. Ach tá gné speisialta ag baint leis an bhformáid — is féidir í a úsáid freisin chun íomhánna beoite a chruthú.

Glas: Léiriú coiteann a chiallaíonn freagrach ó thaobh an chomhshaoil de.

Iarmhairt Ceaptha Teasa: Téamh an atmaisféir a eascraíonn as ionsú radaíochta gréine ag gáis áirithe.

Gás Ceaptha Teasa: Gás a chuireann leis an iarmhairt cheaptha teasa trí radaíocht na gréine a ionsú. Áirítear ar na gáis seo, ach níl siad teoranta dóibh, dé-ocsaíd charbóin, ózón, meatán, agus clórafluaracarbóin.

Snas Glas: A mhaíomh go bréagach go bhfuil táirge slán ó thaobh an chomhshaoil de. Tugtar glas bréagach air freisin. Bréagaisnéis arna scaipeadh ag eagraíocht chun íomhá phoiblí chomhshaoil a chur i láthair.

Lampa Díluchtaithe Ard-déine (HID): I gcomparáid le lampaí fluaraiseacha agus gealbhruthacha, tá éifeachtúlacht lonrúil níos airde ag lampaí HID ós rud é go bhfuil cion níos mó dá radaíocht i bhfianaise infheicthe seachas teas. Tá a n-éifeachtúlacht lonrúil fhoriomlán i bhfad níos airde freisin: tugann siad méid níos mó d'aschur solais in aghaidh an vata d'ionchur leictreachais.

PTF: Príomhtháscaire Feidhmíochta: Tomhas inchainníochtaithe a úsáidtear chun rath imeachta a thomhas, mar shampla. Is cineál sonrach bithbhreosla é Ola Glasraí hidreachóireáilte (HVO) a bhfuil laghdú 90% ar astaíochtaí carbóin aige i gcomparáid le díosal dearg rialta agus is féidir é a úsáid i bhformhór na n-inneall.

Imeacht Rochtana Oscailte: Nuair nach bhfuil aon bhearta rialaithe slua ag imeacht (mar shampla i sráid/áit phoiblí).

Dramhaíl Iarthomhaltais: Ábhar athchúrsáilte a bailíodh tar éis do dhaoine é a chaitheamh sa bhosca bruscair gorm. Is iad cláir athchúrsála oifige agus cláir athchúrsála tí an phríomhfhoinse dramhaíola iarthomhaltais.

Cóid QR: Is cineál barrachód maitríse é cód QR, ar féidir é a scanadh chun an t-úsáideoir a atreorú chuig foinse faisnéise nó suíomh gréasáin ar líne.

RAManna: Measúnú agus Modheolaíocht Riosca.

Measúnú Riosca: Is é cuspóir an mheasúnaithe riosca a aithint cad iad na guaiseacha atá ann ag an Imeacht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine agus a mheas an bhfuil na réamhchúraimí reatha leordhóthanach nó an bhfuil níos mó le déanamh. Tugtar rátáil riosca do ghuaiseacha bunaithe ar dhóchúlacht na guaise díobhála agus ar dhéine na díobhála mar chuid den doiciméad measúnaithe riosca agus cuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a mhaolú.

Páipéar Athchúrsáilte: Ceanglaítear le hÉicilipéad an AE go mbeidh 70% ar a laghad den ábhar a úsáidtear i bpáipéar Éicilipéad an AE déanta as óghábhar ó fhoraoisí deimhnithe inbhuanaithe, ó ábhar athchúrsáilte nó ó mheascán den dá rud.

Athchúrsáil: Bailiú ábhar dramhaíola agus iad a athphróiseáil ina n-ábhair nó ina dtáirgí nua, a dhíoltar arís ina dhiaidh sin.

Acmhainní In-athnuaite: Acmhainní a chruthaítear nó a tháirgtear ar a laghad chomh tapa agus a ídítear iad, ionas nach n-ídítear aon rud. Áirítear leis sin foinsí fuinnimh gréine, hidreachumhachta, cumhachta gaoithe, bithmhaise agus geoiteirmeacha.

Páirtí Leasmhar: Is páirtí leasmhar é páirtí leasa agus is féidir leis difear a dhéanamh don imeacht nó difear a dhéanamh dó.

Inbhuanaitheacht: Freastal ar riachtanais an lae inniu gan cur isteach ar chumas na nglún atá le teacht freastal ar a riachtanais féin (mar atá sainithe ag Coimisiún Brundtland, 1987).

Dúigh Ghlasrúla: Dúigh phriontála atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus a dhéantar as olaí agus líocha glasraí.

## Údaráis Áitiúla

Is éard is Údarás Áitiúil ann ná eagraíocht atá freagrach go hoifigiúil as na seirbhísí agus saoráidí uile in áit ar leith.

Comhairle Cathrach Chorcaí

Comhairle Contae Chiarraí

Comhairle Chontae Laoise

Comhairle Contae Ros Comáin

Comhairle Contae Thiobraid Árann

Music Generation Chathair Chorcaí le haghaidh Chruinniú na nÓg (grianghraf le Darragh Keane)



# AGUISÍN



Féile Dhomhanda na Leabhar, Corcaigh, Dún Eilíse
(grianghraf le Clare Keogh)

## 1.i. Údarás Áitiúil

### Iarratais ar Imeachtaí

Comhairle Cathrach Chorcaí - Treoir Céim ar Céim

**Naisc chuig an bhfoirm Iarratais le haghaidh Imeachtaí sa Chathair**
Iarratas ar imeachtaí i Spás poiblí https://corkcity.submit.com/
Dúnadh Bóithre https://corkcity.submit.com/
Ceadúnais MEWP https://corkcity.submit.com/
Imeachtaí i nDún Eilíse: Elmarie_mccarthy@corkcity.ie

| TEAGMHÁLAÍ | RANNÓG | RÍOMHPHOST | NÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| Rebecca Landry | Bóithre | Rebecca_landry@corkcity.ie | Teagmhálaí le haghaidh Iarratais ar Imeachtaí i Spás Poiblí |
| Stephen Buckley | Trácht | stephen_buckley@corkcity.ie | Iarratais ar Dhúnadh Bóthair |
| Michelle Carew | Oifigeach Ealaíon | Michelle_carew@corkcity.ie | An Oifig Ealaíon |
| Louise Tagney | Oifigeach Rannpháirtíochta na bPobal Ildánach | Louise_tagney@corkcity.ie | An Oifig Ealaíon – Éire Ildánach |
| Siobhán Clancy | Oifigeach Cúnta Ealaíon – Ealaíona Pobail | Siobhan_clancy@corkcity.ie | Ealaíona Pobail |
| Trish Murphy | Bainisteoir Imeachtaí | Trish_murphy@corkcity.ie | Ceisteanna maidir le himeachtaí – an oifig ealaíon |
| Stephen Scully | Páirceanna & Áineas | Stephen_scully@corkcity.ie | Úsáid páirceanna atá faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Chorcaí |
| Veronica Forde | Cosaint Shibhialta | Veronica_forde@corkcity.ie | Otharcharr/tacaíochtaí uisce Cosanta Sibhialta a chur in áirithe |
| John Hayes | Comhordaitheoir Lár na Cathrach | John_hayes@corkcity.ie | Ceisteanna maidir le hidirghabháil le gnólachtaí/cónaitheoirí lár na cathrach etc. |
| Claire Whelton | Oifigeach Dóiteáin | Claire_whelton@corkcity.ie | Ceisteanna/fógraí maidir le sábháilteacht |
| Pat Kerrigan | An Rannóg Leictreachais | Pat_kerrigan@corkcity.ie | Rochtain ar phointí leictreachais atá á mbainistiú ag an gcomhairle cathrach a chur in áirithe: Sráid Mhargadh an Arbhair, Sráid an Chapaill Bhuí, Dún Eilíse, Páirceanna |
| Elmarie Mc Carthy | An Rannóg Turasóireachta | Elmarie_mccarthy@corkcity.ie | Imeachtaí i nDún Eilíse |
| Garda Síochána | An Rannóg Imeachtaí | CorkCity.MajorEvents@garda.ie | Déan teagmháil le faisnéis maidir le gach imeacht |
| Fiona Connolly | Bus Éireann | fiona.connolly@buseireann.ie | Cuir in iúl má tá iarratas ar dhúnadh bóthair ann |

## Comhairle Contae Chiarraí

Seo duit na riachtanais má tá sé beartaithe agat imeacht a reáchtáil ar réadmhaoin na comhairle i gCiarraí:

- **Plean Bainistíochta Imeachtaí ina ndéantar achoimre ar phleananna don imeacht**
- **Plean maidir le leagan amach an tsuímh ina léirítear suíomh na stallaí, na bpuball, an bhonneagair uile etc.**
- **An Fhoirm um Chomhaontú maidir le hÚsáid Réadmhaoine na Comhairle (féach na foirmeacha) — le comhlánú agus le síniú**
- **Foirm Iarratais le haghaidh Comharthaíocht Shealadach (féach na foirmeacha) – le comhlánú agus le síniú**
- **Árachas**

| TEAGMHÁLAÍ | RANNÓG | RÍOMHPHOST | NÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| Mairead Moriarty | Imeachtaí | mmoriarty@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le hIarratais ar Imeachtaí |
| Kate Kennelly | Oifigeach Ealaíon | kkennell@kerrycoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Hannah Pinckheard | An Oifig Ealaíon | hannah.pinckheard@kerrycoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Clive O'Callaghan | An Oifig Ealaíon | cocallag@kerrycoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Brian Hickey | Innealtóir Sinsearach (Trá Lí) | brian.hickey@kerrycoco.ie | Tabhair fógra maidir le gach imeacht agus dúnadh bóthair etc atá beartaithe |
| Gary Cassidy | Cosaint Shibhialta | gary.cassidy@kerrycoco.ie | Otharcharr Cosanta Sibhialta a chur in áirithe |
| Tim O'Sullivan | Oifigeach Sábháilteachta | tim.osullivan@kerrycoco.ie | Seol Pleananna Bainistíochta Imeachtaí anseo lena gceadú |
| Murty Quirke | Saoiste Baile (Trá Lí) | murty.quirke@kerrycoco.ie | Imeachtaí i bPáirceanna i gCiarraí, rochtain ar leictreachas, faisnéis áitiúil etc |
| Garda Síochána | An Rannóg Imeachtaí | KY.Bservices@garda.ie | Déan teagmháil le páipéarachas maidir le gach imeacht |
| Ceantar Bardasach Lios Tuathail | Oifig Ceantair | listowelMD@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le ceadanna má tá suíomh an imeachta sa cheantar seo |
| Ceantar Bardasach Thrá Lí | Oifig Ceantair | Traleemunicipaldistrictoffice@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le ceadanna má tá suíomh an imeachta sa cheantar seo |
| Ceantar Bardasach Oileán Ciarraí/ Chorca Dhuibhne | Oifigí Ceantair | castleislandAO@kerrycoco.ie dingleAO@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le ceadanna má tá suíomh an imeachta sa cheantar seo |
| Ceantar Bardasach Chill Airne | Oifig Ceantair | Killarneymunicipaldistrict@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le ceadanna má tá suíomh an imeachta sa cheantar seo |
| Ceantar Bardasach Chinn Mara | Oifigí Ceantair | kenmareAO@kerrycoco.ie killorglinAO@kerrycoco.ie CaherciveenAO@kerrycoco.ie | Teagmhálaí maidir le ceadanna má tá suíomh an imeachta sa cheantar seo |



## Comhairle Chontae Laoise

Seo duit na riachtanais má tá sé beartaithe agat imeacht a reáchtáil ar réadmhaoin na comhairle i Laois:

- **Plean Bainistíochta Imeachtaí ina ndéantar achoimre ar phleananna don imeacht**
- **Plean maidir le leagan amach an tsuímh ina léirítear suíomh na stallaí, na bpuball, an bhonneagair uile etc.**
- **Foirm Iarratais le haghaidh Comharthaíocht Shealadach (féach na foirmeacha) – le comhlánú agus le síniú**
- **Plean Bainistíochta Tráchta (má theastaíonn dúnadh bóthair mar chuid den imeacht)**
- **Árachas**

| TEAGMHÁLAÍ | RANNÓG | RÍOMHPHOST | NÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| David O'Hara | Pleanáil | dohara@laoiscoco.ie | Iarratais ar Imeachtaí |
| Muireann Ní Chonaill | Oifigeach Ealaíon | mnichona@laoiscoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Monica Flynn | An Oifig Ealaíon | monflynn@laoiscoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Angela Marshall | Bóithre/Trácht | anmarshall@laoiscoco.ie | Iarratais ar Dhúnadh Bóthair le seoladh anseo |
| Tom Drennan | Innealtóir Feidhmiúcháin Ceantair | tdrennan@laoiscoco.ie | Tabhair fógra maidir le gach imeacht agus dúnadh bóthair etc atá beartaithe. |
| Damien Dollard | Cosaint Shibhialta | dadollard@laoiscoco.ie | Otharcharr/seirbhís Cosanta Sibhialta a chur in áirithe |
| Jim Bolger | Oifigeach Sábháilteachta | jbolger@laoiscoco.ie | Seol Pleananna Bainistíochta Imeachtaí anseo lena gceadú |
| Philip Mc Veigh | Bóithre/Trácht | pmcveigh@laoiscoco.ie | Iarratais ar Imeachtaí agus ar Dhúnadh Bóthair le seoladh anseo |

## Comhairle Contae Ros Comáin

Seo duit na riachtanais má tá sé beartaithe agat imeacht a reáchtáil ar réadmhaoin na comhairle i Ros Comáin:

- **Plean Bainistíochta Imeachtaí ina dtugtar achoimre ar phleananna don imeacht mar aon le Measúnú Riosca**
- **Plean maidir le leagan amach an tsuímh ina léirítear suíomh na stallaí, na bpuball, an bhonneagair uile etc.**
- **Plean Bainistíochta Tráchta (má theastaíonn dúnadh bóthair mar chuid den imeacht)**
- **Árachas**

| TEAGMHÁLAÍ | RANNÓG | RÍOMHPHOST | NÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| Rhona McGrath | Oifigeach Ealaíon | artsofficer@roscommoncoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Claire Keane | Cosaint Shibhialta | ckeane@roscommoncoco.ie | Otharcharr/seirbhís Cosanta Sibhialta a chur in áirithe |
| Ann Conneally | Oifigeach Sábháilteachta | AConneally@roscommoncoco.ie | Seol gach EMP agus RAM chuig Ann |
| | Bóithre | roads@roscommoncoco.ie 4 -6 seachtaine ar a laghad roimh an imeacht | Teastaíonn Plean Bainistíochta Tráchta (TMP) nuair atá imeacht á reáchtáil ar bhóthar poiblí. Teastaíonn Dúnadh Bóthair nuair atá bóthar poiblí á dhúnadh le haghaidh imeachta. |
| Gardaí | Cuir ar an eolas iad roimh imeachtaí | mr.roscommon.ce@garda.ie | Seol sonraí an imeachta/an EMP/an Dúnta Bóthair |




## Comhairle Contae Thiobraid Árann

Seo duit na riachtanais má tá sé beartaithe agat imeacht a reáchtáil ar réadmhaoin na comhairle i dTiobraid Árann:

- **Plean Bainistíochta Imeachtaí ina ndéantar achoimre ar phleananna don imeacht**
- **Plean maidir le leagan amach an tsuímh ina léirítear suíomh na stallaí, na bpuball, an bhonneagair uile etc.**
- **Plean Bainistíochta Tráchta (má theastaíonn dúnadh bóthair mar chuid den imeacht)**
- **Árachas**
- **Iarratas ar chomharthaíocht shealadach chuig na hOifigí Ceantair Bhardasaigh Ábhartha**

| | RANNÓG | RÍOMHPHOST | NÓTAÍ |
|---|---|---|---|
| | Oifigí Ceantair Bhardasaigh Ábhartha | https://www.tipperarycoco.ie/your-area/carrick-suir-municipal-district https://www.tipperarycoco.ie/your-area/clonmel-borough-district https://www.tipperarycoco.ie/your-area/nenagh-municipal-district https://www.tipperarycoco.ie/your-area/thurles-municipal-district https://www.tipperarycoco.ie/your-area/tipperary-cahir-cashel-municipal-district | Déan teagmháil leis an gceantar a bhaineann le d'imeacht |
| Melanie Scott | Oifigeach Ealaíon | artsoffice@tipperarycoco.ie | An Oifig Ealaíon |
| Dolores Fahy | Oifigeach Cosanta Sibhialta | dolores.fahey@tipperarycoco.ie | Otharcharr/seirbhís Cosanta Sibhialta a chur in áirithe |



HousePlants ag taibhiú ag 'Enter the Night' Plás Kickham, Cluain Meala, Oiche Chultúir Thiobraid Árann 2024 (Grianghraf le Kevin O'Donnell)

# Suíomhanna lasmuigh le haghaidh imeachtaí

Tá go leor spásanna lasmuigh ar fáil ar fud na nÚdarás Áitiúil ar réadmhaoin phríobháideach agus phoiblí. Forbraíodh na spásanna poiblí seo a leanas le haghaidh imeachtaí lasmuigh:

### Cathair Chorcaí:

An Lochán Atlantach & Cabhsa Mhachan
Páirc Réigiúnach Bhaile an Chollaigh
Páirc an Easpaig Lucy
Dún Eilíse
Páirc Mhic Gearailt
Páirc Uí Chinnéide
An Loch
Páirc Shalom (na Síochána)
Páirc Thaitneamhachta an Ghleanna
Páirc na Buairciní

### Contae Chiarraí:

ANAM: An tIonad Ealaíon & Cultúir, Cill Airne
Oileán na nGéanna, Trá Lí
Páirc Bhaile Thrá Lí, Trá Lí
Cearnóg an Bhaile, Trá Lí
An Chearnóg, Lios Tuathail
Páirc Bhaile Lios Tuathail, Lios Tuathail
Plás na Leabharlainne, Cill Orglan

### Contae Laoise:

Cearnóg Mhargaidh Ráth Domhnaigh - LCC
Cearnóg Chúirt an tSráidbhaile - LCC
Páirc Phobail Chúil an tSúdaire - LCC
Gairdín Pobail Mainistir Laoise gearoidluttrell@gmail.com
Cearnóg Hynd Port Laoise - LCC
Plás Mhic Mhuiris Port Laoise - LCC
Spás Taibhiúcháin Lasmuigh an Dúin, an tIonad Ceoil, Ascaill an Teampaill, Port Laoise - LCC
An Chearnóg Móinteach Mílic - LCC
An Chearnóg Darú - LCC
Cúirt Ioma permissions@opw.ie
Gairdíní Heywood permissions@opw.ie
Amphitheatre Camross Johanna.mcdonald@gmail.com
Gairdín Pobail Ráth Domhnaigh - LCC
An tArdán Lárnach, an Clárchosán, Mainistir Laoise Bog gearoidluttrell@gmail.com
Músaem an Ghorta Mhóir Domhnach Mór trevorstanley92@gmail.com

### Contae Ros Comáin:

Páirc Somer - An Caisleán Riabhach
Na Tailte Pléisiúir – Bothchoill
Clós Theach Kind - Bothchoill
Páirc an Mhóta - Ros Comáin
Páirc Loch na nÉan - Baile Ros Comáin
Cearnóg an Mhargaidh - Baile Ros Comáin

### Contae Thiobraid Árann:

Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann - TCC
Pláz Kickham, Cluain Meala - TCC
An Plaza, Caiseal - TCC
The Inch Field, an Chathair - TCC
Caisleán Ros Cré - OPW permissions@opw.ie
Caisleán Urumhan, Carraig na Siúire - OPW permissions@opw.ie
Caisleán an Aonaigh - OPW - permissions@opw.ie
Caisleán na Cathrach - OPW permissions@opw.ie

# 1.ii. Doiciméid teimpléid shamplacha:

## Seicliosta Imeachta Ginearálta

| SEICLIOSTA: | NÓTAÍ |
|---|---|
| Árachas | An bhfuil d'árachas i bhfeidhm? Éilíonn formhór na n-imeachtaí i spás poiblí Dliteanas Poiblí de €6.5 milliún agus Dliteanas Fostóra de €13 milliún agus slánaíocht shonrach don Údarás Áitiúil mar chaighdeán. |
| Bainistíocht Dramhaíola/ Ceisteanna Comhshaoil | An bhfuil plean bainistíochta dramhaíola agat? (boscaí bruscair scagtha etc.). Iarr teagmhálaí sa Rannóg Chomhshaoil i d'Údarás Áitiúil a bheith agat chun cúnamh a fháil anseo nó nasc a dhéanamh le cuideachta bainistíochta dramhaíola príobháideach áitiúil chun boscaí bruscair a urrú ag d'imeacht. Is gá go gcinnteoidh gach imeacht beartas 'ná fág lorg'.<br>An bhfuil Leithris agus saoráidí níocháin lámh leordhóthanacha ann?<br>An bhfuil uisce óil ar fáil do bhaill foirne agus do chustaiméirí? |
| Ceisteanna Inrochtaineachta agus Rochtana | Ciallaíonn rochtain gur féidir leis an lucht freastail is leithne agus is féidir agus le healaíontóirí/oibrithe ealaíon páirt a ghlacadh i d'imeacht ealaíon lasmuigh trí líon na mbacainní a laghdú/a theorannú. |
| Sábháilteacht na hImeachta | An bhfuil Dromchlaí Urláir glan ó Ghuaiseacha Sleamhnáin (e.g. cáblaí)?<br>Cinntigh go ndúnfar aon limistéir nach bhfuil cead ag an bpobal dul isteach iontu.<br>Gach struchtúr le daingniú, aon struchtúir shealadacha le ráillí láimhe a bheith i bhfeidhm agus i gcásanna áirithe le cead struchtúrtha.<br>An bhfuil soilsiú leordhóthanach agat (le haghaidh imeachtaí um thráthnóna).<br>An ndearna tú Measúnú Riosca iomlán don imeacht? |
| Drochaimsir | Coinnigh súil ar réamhaisnéisí, go háirithe ar na laethanta roimh an imeacht. Pléigh an plean drochaimsire le húinéir an áitribh/leis an Údarás Áitiúil agus bíodh plean B agus plean maidir le cur siar/cealú agat i gcónaí. |
| Sábháilteacht Dóiteáin | Cinntigh go bhfuil Múchtóirí Dóiteáin i bhfeidhm gar d'fhearais agus do threalamh leictreach/gáis.<br>Cinntigh go bhfuil gach fearas agus trealamh a úsáideann conraitheoirí deimhnithe agus go bhfuil a múchtóirí dóiteáin féin acu.<br>Cinntigh go bhfuil Comharthaíocht Éigeandála Imeachta/Soilsiú Éigeandála i bhfeidhm.<br>Taispeán suíomh & úsáid Múchtóirí Dóiteáin do Mhaoirseoirí agus don fhoireann agus don chriú.<br>Bíodh plean rochtana agus imeachta agat, plean rialaithe slua. |
| Garchabhair agus Leas | An bhfuil seirbhísí éigeandála deonacha curtha in áirithe agat chun freastal ar an imeacht agus chun tacaíocht chéad fhreagróra a chur ar fáil?<br>Bí ag faire amach do na heagraíochtaí áitiúla seo a leanas: Ord Mhálta, an Chros Dhearg, an Chosaint Shibhialta, Otharsheirbhís Naomh Eoin etc...<br>An bhfuil Uimhreacha Éigeandála postáilte agat ar an láithreán (Otharcharr, Dochtúir Ginearálta, Ospidéal, Eirchód srl?<br>Tuairisc Theagmhais: bileoga tuairisce teagmhais a bheith ar fáil chun aon teagmhas a thaifeadadh (féach na teimpléid san aguisín). |
| Maoirseacht | Eagraigh seisiún faisnéise roimh thús an imeachta agus ainmnigh cé a dhéanfaidh maoirseacht ar mhaoirseoirí an imeachta. Sosanna a phleanáil agus a chinntiú nach mbeidh aon mhaoirseoir deonach san áit chéanna ar feadh níos mó ná dhá uair an chloig.<br>Cláraigh d'imeacht le d'Ionad Deonach áitiúil. |
| Cumarsáid na hImeachta | Leanaí a bhfuil maoirseacht le déanamh orthu (e.g. comharthaíocht/láimhseáil a úsáid nó tuismitheoirí a chur ar an eolas ó bhéal, pointe cruinnithe do leanaí caillte). |
| Comhairliúchán | Téigh i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara go leanúnach tríd an bpróiseas iomlán. |



## Ordbhileog Shamplach

## Teimpléad Measúnaithe agus Modheolaíochta Riosca (RAMS)

**VOLUNTEER BRIEFING: time and date**

| OFFICE: | COMPANY: | CALL SHEET !<br>DAY ! |
|---|---|---|

| | | | |
|---|---|---|---|
| PRODUCER: | | DATE: | |
| PRODUCTION MANAGER: | | TEAM CALL: | GET OUT: |
| | | BREAKFAST: | |
| | | | SUNRISE: SUNSET: |
| WEATHER : | | | |

**EVENT PROGRAMME**

| START TIME | END TIME | EVENT | LOCATION | ARTIST / CONTACT NO. | ARTIST CALL TIME | NOS. | REQUIRED EQUIPMENT | REQUIRED LAYOUT | SOCIAL MEDIA AND CONTENT PRODUCTION |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |

**REQUIREMENTS:**

| | |
|---|---|
| TECHNICAL PRODUCTION: | |
| CATERING: | |
| SITE MANAGEMENT: | |
| DELIVERIES | |
| BUILD TEAM: | |
| SECURITY FIRM: | |
| TAXI CO. #: | |
| LOCAL GARDAí: | |
| LOCAL A&E: | |
| LOCAL TRAIN STATION: | |
| LOCAL BUS STATION: | |
| VISITORS: | |

Template RAMS Doc

Risk Assessment and Method Statement

Section 1 Method Statement

| **Method Statement** | |
|---|---|
| **Contractor Details** | |
| Name: | |
| Address: | |
| Contact Number: | |
| Email Address: | |
| **Project Details** | |
| Name of Event: | |
| Location of Event (Eircode): | |
| Brief Description of Event: | |
| Date: | |
| Start Time (from load In): | |
| End Time (when loaded out): | |
| **Personnel** | |
| Event Manager/Controller | |
| Safety Officer | |
| Production Manager | |
| Producer | |
| Medical Officer | |
| Stewarding Manager | |
| Volunteer Manager | |
| **Equipment Requirement** | |
| Attach and include any infrastructure here Generators/Staging/Gazebos/Barriers etc | |
| **Safety** | |
| Refer to the Risk Assessment | |
| Full Schedule of load in and load out | |
| Include a safety plan with electricity supply, who is managing? | |
| PPE Plan: if there is a need, include details: hi viz, hearing protection, safety boots, gloves etc... | |
| If working at height: include plan for this | |
| **Hazardous Substances** | |
| Include the use of gas or fuel on site here or the use of fire | |
| Include the safety plan for all of the above as required | |
| **Emergency Procedures** | |
| First Aid Services on site:<br>Name and outline what is being provided<br>Location of FA service<br>Location of nearest hospital<br>Welfare requirements<br>***Declare that all work will be carried out by qualified competent persons with expertise in the type of work described above and in all cases is in full accordance with the organisations health and safety policy*** | |
| Attachments<br>Include: sketches of the event, layout drawings. Certification of infrastructure, production schedule, risk assessments and any other certification required | |
| **Briefing** | |
| Who will deliver the safety briefings?<br>Include name and contact number. | |
| Ensure all artists/crew and volunteers have read this methodology | |



Risk Assessment Template

Insert: Event Name, Date, Event Manager, who prepared the document

Regulations: Safety, Health and Welfare at Work (Construction) Regulations 2013 and Safety, Health and Welfare at Work Act 2005

| No. | Identify the Hazard | Identify the Risk | Persons at Risk | Control Measures | Level of Risk H/M/L |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | | | | | |
| 2 | | | | | |
| 3 | | | | | |
| 4 | | | | | |
| 5 | | | | | |

## Foirm Imeachta Shamplach do na hÚdaráis Áitiúla

**Event Application Form Sample**

Name of Event

Location of Event (Eircode)

Event Main Contact Name

Contact Number of Event Contact

Contact Email of Event Contact

Date of Event

Duration of Event

Load In Time

Load Out Time

Brief Description of Event

Designated Safety Officer

Contact Number of Safety Officer

Infrastructure on Site: List weights/Loads

Hazardous Materials: (Gas, Fuel, Fire etc...)

**Attachments**

RAMS (Risk Assessment and Methodology) Attached:

Site Layout Attached:

Environmental Plan Attached:

Have Local Businesses and Residents been notified:

Attach Pre event Photographs

Attach Insurance (with PL/EL and Specific Indemnity if required)

Safety Statement Attached:



## Cruinniú Faisnéise Cláir: Ag pleanáil le haghaidh Taibhiú Lasmuigh

Ag pleanáil le haghaidh imeacht aon lá amháin i d'Údarás Áitiúil

| | |
|---|---|
| **ÚDARÁS ÁITIÚIL** | |
| An spás (na spásanna) atá beartaithe: | |
| Suíomh (seoladh) : | |
| **SONRAÍ AN LÉIRITHE** | |
| An cineál urlárlaigh: | |
| Sonraí rochtana (lena n-áirítear fadhbanna rochtana inaitheanta do dhaoine faoi mhíchumas) | |
| Acmhainn uasta (taibheoirí): | Acmhainn íosta (lucht freastail): |
| Saoráidí ar an láithreán (nó gar dó is féidir a úsáid) | |
| Bonneagar iniompartha | |
| Tacaíochtaí comhchineáil arna soláthar ag an Údarás Áitiúil | |

| | |
|---|---|
| **CLÁREAGRÚ** | |
| Limistéir thosaíochta le haghaidh forbairt foirme ealaíne:<br>(Cuir tic leis an oiread rogha agus is infheidhme): | Ailtireacht<br>Ealaíona i Scoileanna<br>Rannpháirtíocht sna hEalaíona<br>Sorcas<br>Damhsa<br>Scannánaíocht<br>Litríocht<br>Ceol<br>Ceoldrámaíocht<br>Mórthaibhsiú<br>Na hEalaíona Sráide<br>Amharclannaíocht<br>Na hEalaíona Traidisiúnta<br>Na hAmharc-ealaíona<br>Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas<br>Eile (déan cur síos)<br>Cóisir Chomharsan<br>Féile Ceol Tíre<br>Tacaíochtaí/ardán a chur ar fáil do ghrúpaí eile<br>Aoithaibheoirí<br>Seisiúin eolais/léiriú — go pearsanta<br>Imeacht/cons lo-fi |
| Tosaíocht gheografach d'ealaíontóirí/do grúpaí atá pleanáilte | |
| Limistéir thosaíochta don chineál imeachta:<br>(Liostaigh an oiread rogha agus is infheidhme): | Déan cur síos |

# 2. Acmhainní Faisnéise

## 2.i Foinsí agus treoracha tagartha

**POP** Ag Pleanáil le haghaidh Taibhiú Lasmuigh – Faisnéis Imeachta, Físeáin Oiliúna agus Treoir
https://www.roscommoncoco.ie/en/services/community/arts-office/pop-planning-for-outdoor-performance.html

Conarthaí: Tá conarthaí samplacha ag **Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin** ar a shuíomh gréasáin ar féidir iad a oiriúnú. Mar shampla, anseo tá conradh cuideachta Ionaid & Léiriúcháin.

Tá eolaire spáis cleachtaidh acu freisin.

**Treoirdhoiciméad maidir le Bainistiú Imeachtaí LGMA** — cóipeanna den Treoirdhoiciméad maidir le Bainistiú Imeachtaí LGMA déan teagmháil le info@lgma.ie - toisc nach doiciméad é a foilsíodh go foirmiúil.

Is acmhainn phraiticiúil é **Street Smart** do Chleachtóirí Ealaíon Sráide, Léiritheoirí, Comhoibritheoirí agus Coimisinéirí ar mian leo Ealaíona Sráide a léiriú i gCathair Chorcaí. Is toradh díreach é Street Smart ar 'Streets Ahead' — clár forbartha gairmiúla ealaíon sráide a d'fhorbair Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhpháirtíocht le Líonra na hÉireann um Ealaíona Sráide, Sorcas & Mórthaibhsithe agus le tacaíocht ó Éire Ildánach.

Tá Treoir ag **Fáilte Éireann** maidir le cruinnithe agus imeachtaí glasa a reáchtáil

Tá acmhainn forbartha ag **an Líonra um Chosc na nÚdarás Áitiúil (LAPN)** chun 'D'Fhéile a Ghlasú' https://greenyourfestival.ie

**Tá sonraí maidir le foinsí éagsúla maoinithe ag** Cónaidhm Náisiúnta na Soláthraithe Deonacha **anseo. Tá** bunachar sonraí fairsing ag **The Wheel freisin ar bhonn síntiúis íoctha.**

## 2.ii Acmhainní daoine

Tá bunachar sonraí ag **Bunachar Sonraí Léiritheoirí Promenade** chun teacht ar léiritheoirí ealaíon atá ag obair i ndisciplíní éagsúla ar fud an chontae agus chun daoine aonair a chuardach de réir foirm ealaíne, ainm agus suímh.

**Liosta Saorchriú Field:Arts** Is féidir le léiritheoirí teagmháil a dhéanamh le Ceann Léiriúcháin Field:Arts, Lisa Mahony, agus molfaidh sí tacar daoine óna mbunachar sonraí bailithe bunaithe ar na critéir atá ag cuideachta — tráthchlár, suíomh, tacair scileanna. Is é seoladh ríomhphoist Lisalisa@fieldarts.ie

Tá sonraí ag go leor eagraíochtaí ealaíon acmhainní faoina mball-ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon comhpháirtíochta a d'fhéadfadh oibriú leat ar d'imeacht:

Líonra na nEalaíon Sráide agus na Mórthaibhsithe
Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin
Éigse Éireann
An Líonra Ceoil
Damhsa Éireann
Amharc-Ealaíona na hÉireann
Amharclannaíocht Óige Éireann

Tá sonraí ag Cumann Dearthóirí Taibhiúcháin na hÉireann maidir le Dearthóirí AV, Dearthóirí Feisteas, Dearthóirí Seite, Dearthóirí Soilsithe, Dearthóirí Cruthaithe Samhla & Prapaí, Péintéireacht Radharcra, Dearthóirí Fuaime, Bréagfhoilt, agus Dearthóirí Gruaige & Smididh.

Is féidir Folúntais Poist d'Fhoireann Imeachtaí agus Léiriúcháin a fhógairt ar ISACS, ar Fhóram na nEalaíon Taibhiúcháin agus ar Chumann Teicneoirí Stáitse na hÉireann.

## Ár mbuíochas leis na daoine agus na heintitis seo a leanas

Oifigí Ealaíon na nÚdarás Áitiúil agus foireann níos leithne na nÚdarás Áitiúil atá ag gabháil do chlár POP agus atá á mhaoiniú:

Comhairle Contae Ros Comáin (príomh-chomhpháirtí), Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Laoise agus Comhairle Contae Thiobraid Árann;
Na heagraíochtaí comhpháirtíochta ealaíon Líonra na hÉireann um Ealaíona Sráide, Sorcas agus Mórthaibhsithe (ISACS), Fóram na nEalaíon Taibhiúcháin, Éigse Éireann agus an Líonra Ceoil;
Promenade - as seirbhísí bainistíochta forbartha a sholáthar;
Na saineolaithe a rinne cur i láthair ar an gclár oiliúna;
Gach ealaíontóir agus eagraíocht a reáchtáil an tsraith imeachta i ngach suíomh;
An Chomhairle Ealaíon as a tacaíocht mhaoinithe chun an tionscnamh seo a chumasú faoin Scéim um Chuireadh chun Comhoibrithe.




Na Grianghrafadóirí, Cloughjordan Circus Club ag Drawing a Crowd, Clós an Mhargaidh, Baile Thiobraid Árann (grianghraf le Daniel Ryan)